**Cuireadh na Ráitis Airgeadais seo a leanas faoi bhráid Bhord an Choláiste ag an gcruinniú a bhí aige an 26 Meitheamh 2013.**

**Réamhrá Míniúcháin**
**Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011**

Cumhdaíonn an tsraith seo de Ráitis Airgeadais Choláiste na Tríonóide na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite, Ráitis Mhaoinithe an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA) agus an t-imréiteach idir an dá ráiteas.

An chéad tsraith ráiteas ná na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite a úsáideann Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Ginearálta (GAAP) agus a chlúdaíonn gníomhaíochtaí an Choláiste ar fad agus a chuid gnóthas fochuideachta sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus sa chlár comhardaithe agus a thagann leis na ráitis a fhoilsíonn eintitis tráchtála. Tá sé de dhualgas ar gach Ollscoil cuntais a ullmhú ar an mbonn sin maidir le tréimhsí tuairiscithe airgeadais ó 2002/03.

An dara sraith ráiteas ná na Ráitis Mhaoinithe a ullmhaíodh ar bhonn prionsabal comhchuibhithe de chuid earnáil Ollscoileanna na hÉireann agus Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) agus clúdaíonn siad gníomhaíochtaí teagaisc agus taighde an Choláiste. Ullmhaítear na Ráitis Mhaoinithe go haonfhoirmeach ar fud na hearnála.

Cheadaigh an Bord na Ráitis Mhaoinithe don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011 ar 25 Eanáir 2012 agus cheadaigh sé na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite do 2011 ar 26 Meitheamh 2013.

Ar an gcéad léamh, b'fhéidir go mbreathnódh na torthaí comhdhlúite GAAP don Choláiste i bhfad níos measa ná mar atá siad agus iad á gcur i gcomparáid leis an modh tuairiscithe maoinithe comhchuibhithe atá bunaithe le fada. Na rialacha cuntasaíochta éagsúla a úsáideann an dá mhodh is cúis go hiomlán leis seo. Chun tuilleadh sonraí sonracha a fháil ar an mbogadh ó na Ráitis Mhaoinithe go dtí na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2011 féach le do thoil ar an imréiteach atá leagtha amach sna Ráitis Airgeadais ar leathanaigh 52 go 53. I dTuarascáil an Chisteora ar leathanach 3 go 4 déantar tagairt freisin do na coigeartuithe sonracha a raibh easnamh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite mar thoradh orthu i rith na bliana.

Tá tuairim iniúchta cáilithe ó na hiniúchóirí a cheap an Bord, KPMG, ag gabháil le Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite 2011, a tháinig chun cinn ón neamhchomhlíonadh le riachtanais chuntasaíochta agus nochta an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 12 "Soláthair, Dliteanais & Sócmhainní Teagmhasacha". Tá sócmhainn infhaighte pinsin san áireamh sa chlár comhardaithe maidir leis an Máistirscéim Pinsin, Scéim Pinsin Shamplach agus an Forlíonadh Pinsin chun aitheantas a thabhairt don mhaoiniú atá dlite ón Stát i ndáil le dliteanais phinsin a mhaoinítear anois ar bhonn "íoc mar a thuilltear". Mar sin féin, is í tuairim KPMG nár ghlac an Stát le hoibleagáid fhoirmiúil maidir leis an Scéim Shamplach Pinsin agus Forlíonadh Pinsin amhail an 30 Meán Fómhair 2011 agus tá na cuntais cáilithe acu ar an mbonn sin. Is cáilíocht theicniúil í an cháilíocht seo a thagann chun cinn mar gheall go bhfuil easpa fianaise leordhóthanaí ann chun go mbeadh KPMG sásta go raibh na dliteanais phinsin ráthaithe ag an Stát ag an am sin. Tá soláthar na fianaise sin lasmuigh de smacht an Choláiste. Dá réir sin, tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nach dtagann an cháilíocht seo chun cinn mar thoradh ar shaincheisteanna a bhaineann le bainistiú airgeadais an Choláiste.

Níor eisigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) cáiliú maidir leis seo, mar go léiríonn aithint na sócmhainne i ndáil le maoiniú pinsin maidir leis an Scéim Shamplach Pinsin go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun freastal ar dhliteanais pinsin de réir mar a bhíonn siad dlite. Tá bonn tuisceana sa chur chuige cuntasaíochta seo go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Coláiste i bhfeidhm ar dtús i dtreo speansais reatha agus go bhfreastalóidh aon mhaoiniú ón Stát ar aon easnamh sócmhainní chun dliteanais pinsin a mhaoiniú amach anseo.

# OLLSCOIL ÁTHA CLIATH

## Coláiste na Tríonóide

## Ráitis Airgeadais

(Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus Sliocht as na Ráitis Mhaoinithe san áireamh)

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

Maoiníodh gnéithe de chaiteachas Caipitil agus Athfhillteach a tuairiscíodh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite seo faoi cheann amháin nó níos mó de na cláir seo a leanas arna riar ag an HEA:

Mhaoinigh na gníomhaireachtaí seo a leanas gnéithe de chaiteachas Taighde a tuairiscíodh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite:

# Clár


| | Lch |
|---|---|
| Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais | 3 – 4 |
| Ráiteas Freagrachtaí | 5 |
| Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh | 6 – 8 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Bord Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide | 9 – 10 |
| Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite: | |
| Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 11 – 13 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Comhdhlúite agus Coláiste | 14 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Chostais Bharrachais agus Easnaimh Stairiúla | 15 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána Aitheanta | 15 |
| Cláir Chomhardaithe Chomhdhlúite agus Cláir Chomhardaithe an Choláiste | 16 |
| Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid | 17 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite | 18 – 37 |
| Sliocht as Ráitis Mhaoinithe: | 38 |
| Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 39 – 40 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 41 |
| Clár Comhardaithe | 42 |
| Nótaí leis an Sliocht as na Ráitis Mhaoinithe | 43 – 51 |
| Réiteach na Ráiteas Airgeadais Comhdhlúite chuig Ráitis Mhaoinithe an HEA | 52 – 53 |

## Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais

### Réamhrá

Cuirim Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Choláiste na Tríonóide (sliocht as Ráitis Mhaoinithe an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA) agus an réiteach idir an dá ráiteas san áireamh) a cheadaigh an Bord an **26 Meitheamh 2013** i láthair. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite de réir Chaighdeáin Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn, mar atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus eisithe ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite freisin de réir an Ráitis Chleachtais Mholta ("SORP") - Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2007), arna eisiúint ag Bord HE/FE SORP sa RA, seachas cistí dearlaice. Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2011, chinn an Coláiste go gcuirfidh sé an SORP i bhfeidhm go hiomlán, a chuirfidh ar chumas an Choláiste, cistí dearlaice a chomhdhlúthú agus forálacha SORP a chur i bhfeidhm chun sócmhainní an chiste dearlaice a aithint agus a thomhas ón dáta sin amach. Sa chómhthéacs seo, rinne an Coláiste athbhreithniú ar a chuid beartas cuntasaíochta agus rinne sé breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama chun léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí an Choláiste ag 30 Meán Fómhair 2011 a chinntiú. Ullmhaíodh Ráitis Mhaoinithe an HEA, a cheadaigh an Bord an 25 Eanáir 2012, agus a bhfuil sliocht astu curtha i láthair san imleabhar seo, ar an mbonn comhchuibhithe a aontaíodh go stairiúil arna cheadú ag an HEA agus mar a ghlac gach Ollscoil in Éirinn leis. Ní thuairiscíonn na Ráitis Mhaoinithe ach ar an bpríomhtheagasc/príomhthaighde agus ar na deontais thaighde agus gníomhaíochtaí ó chonarthaí sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Áirítear an Coláiste agus a ghnóthas fochuideachta, Ghala Limited ar na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus tá míniú níos mionsonraithe tugtha ar bhunús an ullmhaithe sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 11 go 13. De réir FRS 2 ("Cuntasaíocht do Ghnóthais Fhochuideachta"), níl Ráitis Airgeadais Fhondúireacht na Tríonóide, na gCistí Pinsin, na gCistí Iontaobhais agus na gComhlachtaí Caipitíocha curtha san áireamh ó tharla nach bhfuil siad faoi rialú an Choláiste. Ní dearnadh gnóthais eile a bhfuil leas ag an gColáiste iontu a chomhdhlúthú, mar a léirítear i Nóta 28 ar leathanaigh 29 go 30, ó tharla nach bhfuil siad faoi rialú an Choláiste.

### Cáilíocht an Iniúchta

Ba mhaith liom d'aird a tharraingt ar an tuairim iniúchta cáilithe a d'eisigh KPMG, na hiniúchóirí a cheap an Bord, a tháinig chun cinn ón neamhchomhlíonadh le riachtanais chuntasaíochta agus nochta an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 12 "Soláthair, Dliteanais & Sócmhainní Teagmhasacha". Chuir an Coláiste sócmhainn pinsin infhaighte san áireamh sa chlár comhardaithe maidir leis an Máistirscéim Pinsin, an Scéim Pinsin Eiseamlárach agus an Forlíonadh Pinsin (ag teacht le hollscoileanna eile in Éireann) chun aitheantas a thabhairt don mhaoiniú atá dlite ón Stát i ndáil le dliteanais phinsin a mhaoinítear anois ar bhonn "íoc mar a thuilltear". Mar sin féin, is í tuairim KPMG nár ghlac an Stát le hoibleagáid fhoirmiúil maidir leis an Scéim Shamplach Pinsin agus Forlíonadh Pinsin amhail an 30 Meán Fómhair 2011 agus tá na cuntais cáilithe acu ar an mbonn sin. Níor eisigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) cáiliú maidir leis seo, mar go léiríonn aithint na sócmhainne i ndáil le maoiniú pinsin maidir leis an Scéim Shamplach Pinsin agus an Forlíonadh Pinisin go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun freastal ar dhliteanais pinsin de réir mar a bhíonn siad dlite. Tá bonn tuisceana sa chur chuige cuntasaíochta seo go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Coláiste i bhfeidhm ar dtús i dtreo speansais reatha agus go bhfreastalóidh aon mhaoiniú ón Stát ar aon easnamh sócmhainní chun dliteanais pinsin a mhaoiniú amach anseo.

### An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Tugtar achoimre thíos ar an staid ioncaim agus caiteachais:

| | 2010/11 | 2009/10 |
|---|---|---|
| Ioncam Comhdhlúite | €320.8m | €348.6m |
| Caiteachas Comhdhlúite | €331.4m | €337.9m |
| (Easnamh)/ barrachas Comhdhlúite | (€10.6m) | €10.7m |
| Barrachas Ráiteas Maoinithe | €0.1m | €0.2m |

Tharla na príomhfhoinsí don ghluaiseacht idir an barrachas sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus an barrachas sna Ráitis Mhaoinithe mar gheall ar roinnt éagsúlachtaí sa chóireáil chuntasaíochta idir an dá fhormáid (m.sh. fochuideachtaí, gníomhaíochtaí coimhdeacha, táillí mac léinn, amúchadh agus dímheas na míreanna caipitil, ioncam taighde, ús ioncaim) agus tá nótaí míniúcháin leagtha amach sa réiteach ar leathanaigh 52 go 53.

Tá na príomhghluaiseachtaí idir barrachas €10.7m 2010/11 na Ráiteas Airgeadais Comhdhlúite agus easnamh €10.6m 2009/10 na Ráiteas Airgeadais Comhdhlúite leagtha amach thíos.

B'ionann an t-ioncam comhdhlúite do 2010/11 agus €321m (2009/10: €349m) a léiríonn laghdú 8% ar an mbliain roimhe sin. Baineann an ghluaiseacht €28m go príomha le laghduithe i ndeontais stáit de €14m, taighde ioncaim de €10m agus costais oibríochta eile de €6m. Rinneadh sin a fhritháireamh, i bpáirt, ag arduithe ar ioncam táillí acadúla de €4m.

## Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais (ar lean..)

Léiríonn feidhmíocht airgeadais don bhliain an tionchar a bhí ag an laghdú de14% sa bhliain féilire ar mhaoiniú athfhillte an stáit in 2011 i gcomparáid le 2010 mar a chuir an t-Údarás um Ardoideachais (HEA) in iúl. Is ionann an céatadán den ioncam iomlán a bhaineann le foinsí neamh-státchiste agus 43% (2009/10: 43%).

Áirítear ar ioncam oibríochta eile in 2009/10 ioncam deonacháin €6.5m a úsáideadh leis an réadmhaoin Teach Lincoln a cheannach.

B'ionann an caiteachas comhdhlúite don bhliain agus €331m (2009/10: €338m). Baineann an ghluaiseacht de €7m go príomha le laghduithe €11m (5%) ar chostais foirne a léiríonn tionchar iomlán na laghduithe ar rátaí pá san earnáil phoiblí a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2010 agus na laghduithe ar chostais pá maidir le taighde mar thoradh ar mhaoiniú taighde níos lú. San áireamh le gluaiseachtaí eile tá arduithe ar chostais oibríochta eile €4m (6%), laghdú ar dhímheas €2m (5%) agus caillteanas ar athluacháil maoine infheistíochta €1m a bhaineann go príomha le réadmhaoin Teach Lincoln.

B'ionann leibhéal na ngníomhaíochtaí taighde do 2010/11 a taifeadadh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (tomhaiste ar bhonn na gníomhaíochta caiteachais i rith na bliana agus ní an t-ioncam a fuarthas) agus €78m (2009/10 €88m). Mar a bhí i mblianta roimhe sin, leanann an ranníocaíocht le costais neamhdhíreacha ó ghníomhaíochtaí taighde i go leor cásanna de bheith faoi bhun an chostais eacnamaíochta iomlán a bhaineann le taighde a reáchtáil, staid nach bhfuil inbhuanaithe.

### Clár Comhardaithe

Mar a tuairiscíodh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite b'ionann glansócmhainní an Choláiste agus €803m amhail an 30 Meán Fómhair 2011, ardú €59m ar leibhéil 2009/10. B'ionann breiseanna caipitil i rith na bliana agus €53m (2009/2010: €87m) agus a bhaineann go príomha le hInstitiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (gné acadúil agus tráchtála), le hAcadamh na hEalaíne Drámaíochta Choláiste na Tríonóide Baile Átha Claith Teoranta (ar a dtugtar "The Lir" freisin) agus le hathchóiriú a rinneadh ar 7-9 Sráid Laighean Theas.

Rinneadh Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (gné tráchtála) a athrangú mar mhaoin infheistíochta in 2010/11.

Tá iarmhéideanna airgid tirim €198m ag an gColáiste amhail 30 Meán Fómhair 2011 (2010: €161m) agus saoráid iasachta €75 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, ar tarraingíodh anuas amhail an 30 Meán Fómhair 2011 (2010: €60m tarraingthe anuas). Chomhlíon an Coláiste na cúnaint bainc ar fad ag deireadh na bliana.

Tá na cúlchistí ioncaim carnacha €39m atá tuairiscithe do 2010/11 tiomanta go hiomlán do chuspóirí straitéiseacha an Choláiste a bhaint amach.

### Conclúid

Ó 2007, tá laghdú tagtha ar mhaoiniú státchiste an Choláiste ó 65% den ioncam iomlán go 57%. Níl ioncaim táillí fochéime a íocadh faoi 'Thionscnamh Táillí Saor in Aisce" an Stáit san áireamh leis sin, agus ní léiríonn an t-ioncam iomlán a fuarthas ón Stát ach 43% d'ioncam iomlán an Choláiste in 2011 i gcomparáid le 53% in 2007.

Is léir ón laghdú leanúnach seo ar an leibhéal maoinithe poiblí mar aon le laghduithe eile a leagadh béim orthu i mBuiséad na Nollag 2011, gur chóir don Choláiste díriú i gcónaí ar na trí phríomhréimse d'ioncam neamhstátchiste - glacadh le mic léinn idirnáisiúnta, tráchtálaíocht agus daonchairdeas - chomh maith le hathphróifíliú agus laghduithe i gcaiteachas pá agus neamhphá straitéiseach nuair is féidir chun cur ar chumas an Choláiste a chuid straitéisí agus spriocanna a bhaint amach ar bhonn a bheidh inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de. Ag teacht le hearnáil ardoideachais na Ríochta Aontaithe, ba chóir go mbeadh an Coláiste ag oibriú i dtreo bharrachas oibríochta 3-5% a ghiniúint gach bliain ar mhaithe le hinbhuanaitheacht airgeadais.

Sna blianta amach romhainn, níl aon dabht ann ach go mbeidh dúshláin mhóra os comhair an Choláiste i gcónaí mar gheall ar an timpeallacht airgeadais agus cuirfidh na nithe seo a leanas isteach ar chumas an Choláiste pleanáil go straitéiseach-

- Neamhchinnteacht eacnamaíochta ar fud an domhain
- Infheictheacht theoranta ar na leibhéil maoinithe rialtais don todhchaí
- A bheith ag brath ar mhaoiniú státchiste maidir le príomh-mhaoiniú agus maoiniú taighde
- Neamhchinnteacht maidir le táillí teagaisc a thabhairt isteach arís
- Gan aon sampla dinimiciúil de mhaoiniú Stáit a bheith ann
- Gan aon chreat oibre a bheith ann do sholáthar athnuachna agus athléimneachta
- Srianta maidir leis an gcostas iomlán eacnamaíochta ar phríomhghníomhaíochtaí a fháil ar ais
- Comórtas níos mó in earcú mac léinn agus foirne
- Fachtóirí seachtracha a bheidh tionchar acu ar mhic léinn agus comhaltaí foirne a choinneáil

Sna tréimhsí dúshlánacha seo, tá sé riachtanach go mbainfear leas as gach deis ag dul ar aghaidh agus go gceadaíonn an Bord (nuair is cuí) infheistíocht leanúnach i ngníomhaíochtaí caipitil agus atarlaithe gaolmhara.

Ian Mathews
PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS

## Ráiteas Freagrachtaí

Éilítear ar Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide ("Coláiste na Tríonóide") cloí le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus gach cuntas ceart agus gnáth a choimeád i bhfoirm a fhéadfaidh An tÚdarás um Ard-Oideachas a cheadú maidir le hairgead a fhaightear agus a chaitear. Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear mar a leanas ar Choláiste na Tríonóide:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- aon imeacht ábhartharch ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a fhaisnéisiú agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Coláiste lena ghnó.

Tá Coláiste na Tríonóide freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais Choláiste na Tríonóide, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go mbíonn na Ráitis Mhaoinithe ag teacht le hAcht na n-Ollscoileanna 1997. Tá Coláiste na Tríonóide freagrach freisin as na sócmhainní uile faoina rialú oibríochta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá Coláiste na Tríonóide freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais Choláiste na Tríonóide agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais chomhdhlúite Acht na nOllscoileanna, 1997, agus go n-ullmhaítear iad de réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn.

Tá Coláiste na Tríonóide freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar gnó an Choláiste ar shlí cheart agus rialta agus as na sócmhainní uile faoina rialú oibríochta a chaomhnú agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide

| | |
|---|---|
| Patrick Prendergast | Ian Mathews |
| AN PROPAST | PRIOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS |

## Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann Bhord Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, admhaímid go bhfuil freagracht iomlán air as córais rialaithe inmheánaigh an Choláiste; a chlúdaíonn gach rialú ábhartha lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta chomh maith le córais bhainistithe riosca a thacaíonn le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí an Choláiste agus maoinithe agus sócmhainní poiblí agus eile a bhfuilimid freagrach astu á gcosaint ag an am céanna.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun bainistiú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le go dteipfeadh orainn beartais, aidhmeanna agus cuspsóirí a bhaint amach nó gnóthaí a dhéanamh ar bhealach eagraithe agus dlisteanach seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis ach dearbhú éifeachtachta réasúnach a chur ar fáil agus ní dearbhú éifeachtachta iomlán.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá leagtha amach chun na príomhrioscaí a bhaineann le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach a aithint; chun nádúr agus méid na rioscaí sin a mheas; agus chun iad a bhainistiú go héifeachtach, go héifeachtúil agus go heacnamaíoch. Bhí bainistiú riosca mar chuid lárnach de bhainistiú an Choláiste i gcónaí. Ag teacht le sárchleachtas tá próiseas bainistithe riosca foirmiúil curtha i bhfeidhm ó 2006 agus leanfar ar aghaidh á athbhreithniú agus á mheas ar bhonn leanúnach.

Go sonrach,

(i) Cinnteoidh na nithe seo a leanas go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm sa Choláiste:

- Déanann an Coiste Iniúchta, a fhaigheann tacaíocht ón bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh, athbhreithniú ar scóp agus ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha an Choláiste, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus tuairiscíonn sé go rialta chuig an mBord;
- Tuairisciú rialta chuig na Coistí Boird ábhartha agus chuig an mBord ar na gnéithe airgeadais agus dlí a bhaineann le mórthionscadail;
- Áirítear ar théarmaí tagartha Phríomhchoistí an Bhoird maoirsiú a dhéanamh ar thionscnaimh mhóra laistigh dá réimse freagrachta agus faigheann an Bord miontuairiscí óna gcruinnithe;
- Déanann an Bord, an Coiste Airgeadais agus Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin an Choláiste athbhreithniú ar phróifíl riosca na dtionscnamh móra roimh agus i rith chur i bhfeidhm na mórthionscadal;
- Feidhmíonn Déin Dáimhe agus Cinn Scoile, réimsí Riaracháin agus Seirbhíse agus iad ag comhlíonadh feidhmeanna, de réir beartas ar Róil agus ar Fhreagrachtaí maidir le cúrsaí airgeadais a cheadaíonn an Coiste Airgeadais agus an Bord;
- Cuireann Oifig an Chisteora Tuarascálacha Eisceachtaí Rialaithe le chéile agus déanann an Coiste Airgeadais breithniú orthu ar bhonn débhliantúil. Déantar gníomhartha a aithint chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a aithníodh;
- Déanann Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin agus Bord an Choláiste breithniú ar Chlár Riosca Ardleibhéil an Choláiste a tógadh as Réimsí Riaracháin agus Seirbhíse, Dáimhe agus Scoile ar bhonn rialta;
- Tugadh isteach beartas chun calaois airgeadais líomhnaithe a aimsiú agus chun freagairt dó i Nollaig 2001; áirítear ar an mbeartas seo freisin soláthair maidir le calaois a thuairisciú do na húdaráis chuí;
- Tá lámhleabhair nósanna imeachta agus treoirlínte ar bhainistiú airgeadais, taighde agus acmhainní daonna ar fáil do bhainisteoirí.

(ii) Úsáidtear na próisis seo a leanas chun rioscaí eagraíochta a aithint agus chun a n-impleachtaí airgeadais a mheas:

- Ghlac an Bord le Beartas Bainistithe Riosca i mBealtaine 2006. Cuirtear an beartas seo i bhfeidhm trí phróiseas bainistithe riosca foirmiúil a bhaineann le gach réimse den Choláiste, ó réimsí acadúla go réimsí riaracháin, ó thaobh na rioscaí a mheas agus a bhainistiú lena n-áirítear impleachtaí airgeadais ar bhealach struchtúrtha;

Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh (ar lean..)

- Cuirtear an Bord ar an eolas faoi Rioscaí Ardleibhéil an Choláiste agus faoi na céimeanna atá á nglacadh chun iad a bhainistiú. Tá dul chun cinn déanta ag cur i bhfeidhm an Bheartais Riosca agus ag lánpháirtiú iomlán na bainistíochta riosca isteach in oibríocht an Choláiste sna blianta roimhe seo agus tá sé neadaithe i gcónaí i struchtúir bhainistíochta an Choláiste;

- Áirítear ar gach togra mór a chuirtear faoi bhráid an Bhoird measúnú riosca foirmiúil, lena n-áirítear rioscaí airgeadais;

- Comhaontaíodh tionscnamh earnálach a chuir an Coláiste tús leis lena chinntiú go bhfaigheann an Bord tuairiscí rialta ar an bpróifíl riosca agus ar chomhlíonadh le Plean Straitéiseach an Choláiste ó chomhlachtaí idir-institiúide a bhfuil an Coláiste mar bhall dóibh. Chomh maith leis sin, cuireann Stiúrthóirí an Choláiste tuarascálacha ar fáil don Bhord gach sé mhí anois faoi na ceannteidil seo a leanas:
    - Ainm
    - Institiúidí Rannpháirtíochta
    - Cuspóirí
    - Mórghníomhaíochtaí Leanúnacha
    - Pleananna Amach Anseo
    - Diallas (más ann) ó bhunchuspóirí
    - Nádúr agus tábhacht na rioscaí maidir le heintiteas agus tábhacht ó thaobh an Choláiste de;

(iii)Sonraí ar na mórchórais faisnéise atá i bhfeidhm ar nós buiséid agus na bealaí a dhéantar torthaí iarmhír a chur i gcomparáid le buiséid i rith na bliana.

- Bhunaigh an Coláiste córas leithroinnte acmhainní agus buiséid agus d'fhorbair sé samhail pleanála airgeadais 5 bliana. Déanann sé próiseas buiséadaithe bliantúil agus ceadaíonn an Coiste Airgeadais agus an Bord na Meastacháin Bhliantúla. Déantar buiséid a athbhreithniú in aghaidh buiséid iarbhíre i rith na bliana. Eisítear tuarascálacha míosúla chuig sealbhóirí buiséid agus déanann an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar na tuarascálacha airgeadais ar bhonn ráithiúil.

(iv) Leantar nósanna imeachta sárchleachtais chun aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí gnó a bhaineann le mór-rioscaí gnó lena n-áirítear:

- Tá próiseas údaraithe struchtúrtha ag an gColáiste a mheaitseálann leis na teorainneacha airgeadaíochta a theastaíonn don údarás sínithe ar idirbhearta airgeadais, laistigh de chuntais shonracha chuig an ngrád cuí laistigh de gach réimse; tá freagracht foriomlán ag an gCeann Scoile/Feidhme as an údarás sínithe a tharmligean laistigh dá réimse féin. I struchtúr airgeadais déabhlóidithe, tá an Déan Dáimhe cuntasach don Bhord trí Choiste Airgeadais as gach cúrsa airgeadais a bhaineann lena D(h)ámh féin. Oibríonn Oifig an Chisteora i gcomhpháirtíocht le réimsí den Choláiste agus tugann sí comhairle dóibh maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí;

- Foilsíonn Oifig an Chisteora nósanna imeachta sonraithe maidir le hidirbhearta airgeadais a láimhseáil ar láithreán gréasáin an Choláiste. Cuireann an Oifig sin oiliúint ar fáil don fhoireann ar bhonn rialta freisin. Déantar beartais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is cuí;

- Tá gairmithe airgeadais ina gcomhaltaí de na Príomhchoistí seo a leana*s:*
    - An Coiste Iniúchta
    - An Coiste Airgeadais
    - An Coiste Acmhainní Daonna
    - Coiste na nEastát
    - An Coiste Seirbhísí do Mhic Léinn

- Ceapadh Comhairleoirí Airgeadais Dáimhe chun comhairle agus tacaíocht dhíreach a chur ar fáil don phobal Acadúil maidir le cúrsaí airgeadais.

(v) Déantar monatóireacht ar rialuithe inmheánacha trí na nithe seo a leanas:

- An t-athbhreithniú rialta a dhéanann Bainisteoirí na réimsí riaracháin agus tacaíochta, na Cinn Scoile agus na Déin Dáimhe ar rioscaí agus ráiteas dearbhaithe a chur ar fáil ar bhonn bliantúil;

- An t-athbhreithniú a dhéanann Príomhchoistí an Bhoird ar rioscaí agus an rialú a dhéantar orthu chomh maith le tuairisciú rialta ar shaincheisteanna ar chóir a aird a dhíriú orthu trí mhiontuairiscí na gcoistí seo agus trí thuairiscí ó Chathaoirleacha na gCoistí atá ina mbaill tofa ar an mBord seachas an Coiste Airgeadais a bhfuil sainmhíniú ar a bhallraíocht i Reachtanna an Choláiste;

Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh (ar lean..)

- An Coiste Iniúchta bunaithe ar thuarascálacha ón Iniúchóir Inmheánach ar stadás na rialuithe inmheánacha; déantar na tuarascálacha seo de réir chlár oibre a leag Coiste Iniúchta an Choláiste síos agus déantar athbhreithniú ar rialuithe ar bhonn pleanáilte ar feadh feidhmeanna an Choláiste. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta chuig an mBord ar bhonn bliantúil agus eisíonn sé ráiteas bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmhéanacha;

- Clár d'athbhreithnithe ardchaighdeáin seachtracha ar réimsí acadúla as a dtéann na torthaí isteach i gcláir rioscaí na réimsí aonair.

Deimhnímid go ndearna an Coláiste na nósanna imeachta thuas i rith na bliana.

Níor aithníodh aon laigeachtaí sa rialú inmheánach a raibh caillteanais ábhair, teagmhais nó neamhchinnteachtaí mar thoradh orthu agus a theastódh iad a nochtadh sna ráitis airgeadais nó i dtuarascáil an iniúchóra ar na ráitis airgeadais.

Thar ceann Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide

| | |
|---|---|
| Patrick Prendergast | Ian Mathews |
| AN PROPAST | PRIOMHOIFIGEACH AIRGEADA |

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Bord Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais an Choláiste don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2011 mar atá leagtha amach i leathanaigh 11 go 37. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach sna ráitis sin.

Rinneadh an tuarascáil seo don Bhord agus dó sin amháin de réir Reachta an Choláiste. Tugadh faoinár obair iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua do chomhaltaí an Bhoird na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil na n-iniúchóirí agus chun na críche sin amháin. Chomh fada is a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht i leith aon duine eile ach amháin an Bord, as an obair iniúchta, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí a chruthaíomar.

### Freagrachtaí an Bhoird agus an Iniúchóra faoi seach

Tá an Bord freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme na hÉireann agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn), mar a chuirtear síos orthu ar leathanach 5.

Is í an fhreagracht atá orainn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir ceanglas dlí agus rialála iomchuí agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscímid ár dtuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leo go Ginearálta in Éirinn. Tuairiscímid freisin cibé ar choinnigh an Coláiste leabhair chuntais chuí inár dtuairim nó nár coinníodh. Chomh maith leis sin, luaimid an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.

Léamar an fhaisnéis eile atá ag gabháil leis na ráitis airgeadais agus atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil agus breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaimid faoi deara míráiteas ar bith sa tuarascáil sin.

### Bunús leis an Tuairim Iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchta. Déantar, mar chuid den iniúchadh, scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne an Bord agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta d'imthosca an Choláiste agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh ár n-iniúchadh agus cuireadh i gcrích ár n-iniúchadh sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil dúinn chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha a d'eascródh ó chalaois, ó mhírialtacht nó ó earráid. Agus sinn ag teacht ar ár dtuairim, rinneadh meastóireacht ar dhóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais chomh maith.

### Tuairim cháilithe ag teacht chun cinn as easaontú

Mar a mhínítear níos iomláine i Nóta 29 leis na Ráitis Airgeadais, aithníodh sócmhainn a léiríonn infháltas ón Stát, arbh ionann í agus luach oibleagáid pinsin an Choláiste maidir lena scéimeanna sochair shainithe, i ráitis airgeadais an Choláiste (agus aithníodh méid comhionann sna cúlchistí ioncaim) ar an mbonn go mbreithneoidh an Bord go raibh na dliteanais phinsin ráthaithe ag an Stát i gcónaí. Chomh maith leis sin, taifeadadh gnóthachain nó caillteanais a mheaitseálann gluaiseachtaí sna dliteanais phinsin seo i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais agus sa ráiteas gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlán don bhliain.

Is é ár dtuairim, cé gur thug achtú an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 i Meitheamh 2009 agus an t-Ordú Aistrithe a bhí mar thoradh air dar dháta 31 Nollaig 2009, ar an Stát ar freagracht a ghlacadh as aon easnamh sa mhaoiniú a thiocfaidh chun cinn sa Mháistirscéim Pinsin arna feidhmiú ag an gColáiste, níor chlúdaigh reachtaíocht den sórt sin scéimeanna pinsin shochair shainithe eile arna bhfeidhmiú ag an gColáiste.

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh chuig Bord Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide – ar lean

In éagmais glactha foirmiúil ón Stát maidir leis an oibleagáid chun easnaimh i scéimeanna pinsin shochair sainmhínithe eile an Choláiste a mhaoiniú (Scéim Eiseamlárach agus Forlíonadh Pinsin), níl sé oiriúnach an pinsean infhaighte a bhaineann le heasnaimh na scéimeanna sin a aithint ar chlár comhardaithe an Choláiste amhail 30 Meán Fómhair 2011 agus 30 Meán Fómhair 2010.

Is é ár dtuairim nach bhfuil an chóireáil a glacadh ag teacht le riachtanais an FRS12 "Soláthair, Dliteanais & Sócmhainní Teagmhasacha" mar gheall go bhfanann an t-infháltas teagmhasach ó thaobh nádúr de (Scéim Eiseamlárach agus Forlíonadh Pinsin) go dtí go nglacann an Stát leis an oibleagáid go foirmiúil.

Dá réir sin, ní mór laghdú €292,617,000 a dhéanamh ar an tsócmhainn pinsin infhaighte, na glan-sócmhainní agus cúlchistí ioncaim ag 30 Meán Fómhair 2011 agus ba chóir easnamh €39,772,0000 tar éis cánach a athshonrú leis an toradh don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2011.

Dá réir sin, ní mór laghdú €322,697,000 a dhéanamh ar an tsócmhainn pinsin infhaighte, na glan-sócmhainní agus cúlchistí ioncaim ag 30 Meán Fómhair 2010 agus ba chóir easnamh €13,878,000 tar éis cánach a athshonrú leis an toradh don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2010.

Seachas an éifeacht airgeadais a bhaineann leis an infháltas ón Stát a ndéantar tagairt dó sna hailt roimhe seo a aithint, is é ár dtuairim ná go dtugann na ráitis airgeadais ar leathanaigh 11 go 37 léargas fíor agus cothrom, de réir Chleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn, ar stáid ghnóthaí an Choláiste agus an Ghrúpa amhail an 30 Meán Fómhair 2011 agus ar an easnamh don bhliain dár críoch sin.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim gur choinnigh an Coláiste leabhair chuntais chuí. Tá clár comhardaithe an Choláiste ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais.

An 25 Eanáir 2012 thuairiscíomar gur ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais go cuí, agus tá sliocht astu leagtha amach ar leathanaigh 38 go 51, de réir an chomhaontaithe is déanaí maidir le hArmónú Cuntas.

Sean O'Keefe 26/06/2013
Do KPMG agus thar a cheann
KPMG
Gnólacht Chúntóirí Cairte agus Iniúchta Reachtúla
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta suntasacha a ghlac Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide leo (dá dtagraítear as seo síos mar "an Coláiste"):

*Bunús an ullmhaithe*
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn, ina bhfuil caighdeáin chuntasaíochta infheidhme arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais freisin de réir an Ráitis Chleachtais Mholta ("SORP") - Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2007), arna eisiúint ag Bord HE/FE SORP sa RA, seachas cistí dearlaice nach ndéantar a chomhdhlúthú. Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2011, chinn an Coláiste go gcuirfidh sé an SORP i bhfeidhm go hiomlán, a chuirfidh ar chumas an Choláiste, cistí dearlaice a chomhdhlúthú agus forálacha SORP a chur i bhfeidhm chun sócmhainní an chiste dearlaice a aithint agus a thomhas ón dáta sin amach.

*Coinbhinsiún Cuntasaíochta*
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, arna mhionathrú ag athluacháil talún agus foirgneamh áirithe.

*Bunús an chomhdhlúthaithe*
Áirítear an Coláiste agus a ghnóthas fochuideachta, Ghala Limited ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite; ní dhearnadh gnóthais eile a bhfuil suim ag an gColáiste iontu, mar atá léirithe i Nóta 28, a chomhdhlúthú de bhonn neamhábharthachta agus nach bhfuil siad faoi rialú an Choláiste. Faightear réidh le hioncam agus le caiteachas intra-coláiste go hiomlán arna gcomhdhlúthú.

De réir FRS 2 ("Cuntasaíocht do Ghnóthais Fhochuideachta"), ní dhearnadh ráitis airgeadais Fhondúireacht na Tríonóide, na gCistí Pinsin, na gCistí Iontaobhais agus na gComhlachtaí Caipitíochta a chomhdhlúthú ó tharla nach bhfuil siad faoi rialú an Choláiste.

*Aitheantas Ioncaim*
Aithnítear deontais atarlaithe ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Déileáiltear le deontais neamhatarlaithe ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i ndáil le fáil nó le tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus amúchtar iad ag teacht le dímheas thar shaol na sócmhainní.

Tá ioncam ó dheontais thaighde, ó chonarthaí agus ó sheirbhísí soláthraithe eile san áireamh go dtí deireadh an chonartha nó na seirbhíse atá i gceist. Is ionann sin go ginearálta agus suim den chaiteachas cuí a tabhaíodh le linn na bliana agus aon ranníoca i dtreo forchostas.

Cuirtear chun sochar an chuntais ioncaim agus caiteachais gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha sa tréimhse a thuilltear iad. Áirítear ioncam ó dhearlaicí agus ó dheonacháin go dtí méid an chaiteachais chuí a tabhaíodh le linn na bliana, in éineacht le haon ranníoca gaolmhara i dtreo forchostais.

Caitear le hioncam ó chomhaontaithe lámhaltais mar ioncam tarchurtha agus cuirtear chun sochar an chuntais ioncaim agus caiteachais é de réir an ceart chun comaoine a thuilltear de réir na dtéarmaí conarthacha.

*Aistriú Airgeadra coigríche*
Déantar idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche a thaifeadadh ag an ráta malartaithe ar na dátaí sin ar tharla na hidirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais a ainmnítear in airgeadra coigríche isteach go euro ag rátaí dheireadh na bliana nó, nuair a bhíonn gaol acu le conarthaí malartaithe coigríche, ag rátaí conartha. Déileáiltear leis na difríochtaí malartaithe a bhíonn mar thoradh orthu i réiteach ioncaim agus caiteachais don bhliain airgeadais.

*Sócmhainní seasta inláimhsithe*

*(a) Talamh agus Foirgnimh*
Déantar foirgnimh an Choláiste a luacháil ar bhonn úsáid reatha. Rinneadh an talamh a luacháil ag €126,974 in aghaidh an acra agus rinneadh na foirgnimh a luacháil ag an gcostas caighdeánach €2,413 in aghaidh gach méadair chearnaigh. Rinne Bord an Choláiste athluacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh i 1998.

De réir FRS 15 "Sócmhainní Seasta Inláimhsithe" choinnigh an Coláiste glan-luach leabhair na talún agus na bhfoirgneamh, a rinneadh a athluacháil i 1998. Coinnítear na luachanna seo faoi réir an riachtanais atá ann sócmhainní a thástáil i gcomhair lagaithe de réir FRS 11. Tá talamh agus foirgnimh a fuarthas ó rinneadh an luacháil san áireamh sa chlár comhardaithe ag a gcostas. Ní dhímheastar talamh ruílse. Dímheastar foirgnimh ruílse thar a saol úsáideach measta don Choláiste in imeacht 50 bliana.

Nuair a fhaightear talamh agus foirgnimh le cabhair ó dheontais shainiúla déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas mar atá thuas. Cuirtear na deontais ghaolmhara chun sochair cuntas deontais chaipitil iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar saol eacnamaíoch úsáideach measta na sócmhainne gaolmhaire ar bhonn comhsheasmhach leis an mbeartas dímheasta.

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean..)

*(a) Talamh agus foirgnimh – ar lean*

Déantar costais airgeadais, a bhíonn inchurtha go díreach le tógáil talún agus foirgneamh, a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin.

Déantar athbhreithniú ar lagú sócmhainne seasta má léiríonn imeachtaí nó athruithe in imthosca go bhféadfadh sé tarlú nach mbeadh méid carraeireachta na sócmhainne seasta in-aisghabhála.

Déantar foirgnimh a bhíonn á dtógáil a chuntasú ag costas, bunaithe ar luach theastas na n-ailtirí agus costais dhíreacha eile a thabhaítear chuig deireadh na bliana airgeadais. Ní dhímheastar iad go dtí go dtosaítear á n-úsáid.

Bhreithnigh an Coláiste feidhmiú an FRS 5: "Substaint na nIdirbheart a Thuairisciú" maidir le sócmhainní áirithe a úsáideann an Coláiste nuair a léireodh foirm dlí na nIdirbheart seo nach bhfuil cuid de na sócmhainní ar fad faoi úinéireacht an Choláiste. Léiríodh substaint airgeadais na nIdirbheart ar fad sna ráitis airgeadais chomhdhlúite agus dá réir sin tá luach iomlán na sócmhainní seo san áireamh sna sócmhainní seasta inláimhsithe.

*(b) Trealamh*

Díscríobhtar trealamh le costas níos lú ná €10,000 in aghaidh gach earra ar leith go dtí an cuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina bhfaightear é.

Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ag costas. Dímheastar trealamh caipitilithe thar a saol eacnamaíoch úsáideach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Sócmhainní ar Léas | 20 bliain nó príomhthréimhse léasa, más níos giorra |
| Trealamh ríomhaireachta | 3 bliain |
| Troscán | 10 mbliain |
| Trealamh | 5 bliain |

Nuair a fhaightear trealamh le cabhair ó dheontais shainiúla déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuas, leis an deontas gaolmhar curtha chun sochair cuntas deontais chaipitil iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar saol eacnamaíoch

*(c) Deonacháin*

Faigheann an Coláiste sochair chomhchineála ó am go ham, mar bhronntanas trealaimh.

Déantar rudaí a dheonaítear chuig an gColáiste a mbíonn luach suntasach leo agus a gcaithfeadh an Coláiste leo mar sócmhainní seasta inláimhsithe dá ndéanfaí iad a cheannach, a chaipitliú ag a luach reatha agus a dhímheas de réir an bheartais atá leagtha amach thuas. Caitear le luach an dheonacháin mar dheontas caipitil iarchurtha agus déantar é a amúchadh sa chuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré na sócmhainne gaolmhaire.

*Sócmhainní ar Léas*

Caitear le comhaontuithe léasaithe a aistríonn na sochair agus na rioscaí ar fad a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne chuig an gColáiste mar shócmhainn a ceannaíodh amach ar fad. Bíonn na sócmhainní san áireamh i sócmhainní seasta agus léirítear an ghné chaipitil de na tiomantais ar léas mar oibleagáidí faoi léasanna airgeadais.

Ar dtús, nuair a bhíonn íocaíochtaí sceidealta níos lú ná an muirear úis don bhliain, cuirtear an ghné úis nár íocadh leis an oibleagáid cíosa atá fós gan íoc. Seachas sin caitear le cíosanna léasaithe mar chíosanna a bhfuil gnéithe caipitil agus úis san áireamh leo. Feidhmítear an ghné chaipitil chun na hoibleagáidí neamhíoctha a laghdú agus gearrtar an ghné úis ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais i gcomhar leis an ngné chaipitil neamhíoctha atá ag laghdú. Dímheastar sócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais thar an téarma ar léas nó thar shaol úsáideach eacnamaíoch shócmhainní comhionanna, cibé acu is lú.

Gearrtar costais chíosa faoi léasanna oibríochta do chaiteachas i méideanna comhionann bliantúla thar thréimhse an léasa.

*Sócmhainní Oidhreachta*

Sealbhaíonn agus coinníonn an Coláiste sócmhainní oidhreachta ar leith ar nós pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní nach féidir luach a chur orthu. Caomhnaíonn an Coláiste na sócmhainní seo ar mhaithe le taighde agus teagasc agus ar mhaithe le hidirghníomhú idir an Coláiste agus an pobal.

Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a fhaightear roimh 1 Deireadh Fómhair 2006 a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go mbreithnítear nach féidir aon fhíor-luach a leagan orthu de bharr easpa eolais a bheith ann ar an gcostas a bhain len iad a cheannach an chéad uair agus de bharr nach féidir na sócmhainní seo a réadú go réidh. Tá gach costas a tabhaíodh maidir lena gcaomhnú tugtha de réir mar a tabhaíodh iad.

Maidir le breiseanna sócmhainní Oidhreachta a fuarthas tar éis 1 Deireadh Fómhair 2006, déanann an Coláiste iad seo a chaipitliú de réir a gcostas (i gcás éadálacha de chuid an Choláiste)

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS COMHDHLÚITE
Don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2011

### Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean..)

*Sócmhainní oidhreachta – ar lean*

nó de réir a bhfíor-luach (i gcás deonachán). Déantar sócmhainní oidhreachta a deonaíodh a chaipitliú le tagairt dá luach árachais ó tharla go n-uasmhéadaíonn seo a luach cothrom. Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a bhfuil luach níos lú ná €150,000 acu a chaipitliú sna ráitis airgeadais.

*Maoine Infheistíochta*

Luaitear maoin infheistíochta ar luach an mhargaidh oscailte, de réir SSAP 19. Déanann luachálaithe gairmiúla neamhspleácha tríú páirtí nó an Coláiste athluacháil ar mhaoin infheistíochta gach bliain agus ní dhéantar í a dhímheas nó a amúchadh. Déantar gluaiseachtaí sa luach a léiriú sa chúlchiste athluachála seachas sa chás go mbíonn athluacháil níos mó ná méid na ngnóthachan athluachála roimhe seo maidir le maoin agus sa chás sin déantar barrachas an chaillteanais ar na gnóthachain roimhe sin a chur sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

*Stoic*

Luaitear stoic ag a gcostas nó ag a nglan-luach inréadaithe, cibé acu is lú. Nuair is gá leis, déantar soláthar do stoc críon, a bhíonn ag gluaiseacht go mall nó a bhíonn lochtach. Gearrtar caiteachas a thabhaíonn an Coláiste ar leabhair agus ar stoic inchaite ó dheontais atarlaithe chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

*Cánachas*

Ó tharla go bhfuil stádas díolúinte cánach ag an gColáiste, ní bhíonn sé faoi dhliteanas Cháin Chorparáide nó Cháin Ioncaim ar aon cheann dá chuid gníomhaíochtaí carthanachta.

Tá gníomhaíochtaí a mbíonn an Coláiste ina mbun, agus a riarann a fhochuideachta, faoi dhliteanas Cháin Corparáide.

*Forálacha*

Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó tógála ar an gColáiste mar thoradh ar imeacht san am a caitheadh, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh aistriú sochair eacnamaíoch riachtanach chun an oibleagáid a shocrú agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh.

*Sochair Scoir*

Tá socruithe sochair shainithe áirithe ag an gColáiste atá mionsonraithe i Nóta 29.

Feidhmíonn an Coláiste scéim ranníocaíochtaí shainithe. Coinnítear sócmhainní na scéime leithleach ón gColáiste i gciste a riartar go neamhspleách. Léiríonn an méid a gearradh chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais an ranníocaíocht atá iníoctha leis an scéim maidir leis an tréimhse cuntasaíochta.

*Costais phinsin*

Maidir le scéimeanna pinsin shochair shainithe, déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime (más ann dóibh) agus luach reatha dliteanas na scéime a measadh go hachtúireach, agus a ríomhtar trí úsáid a bhaint as an modh creidmheasa aonaid fortheilgthe a nochtadh ar an gclár comhardaithe.
Is ionann an méid a ghearrtar ar an gcuntas ionaim
Is ionann an méid a ghearrtar ar an gcuntas ionaim agus caiteachais agus costas na sochar pinsin a gealladh do na fostaithe agus a thuill siad i rith na bliana agus a cinneadh go hachtúireach móide aon fheabhsúcháin shochair a bronnadh ar chomhaltaí i rith na bliana.

Léirítear an t-aschur ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin i rith na bliana agus an t-ardú ar ar dhliteanais na scéime mar gheall ar dhíchornadh na lascaine i rith na bliana mar chostais airgeadais sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Aithnítear aon difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní (más ann) agus an toradh a baineadh amach i ndáiríre agus aon athrú ar dhliteanais mar gheall ar athruithe ar bhoinn tuisceana nó mar gheall go raibh an taithí iarbhír i rith na bliana éagsúil ón taithí measta, mar ghnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa ráiteas ar ghnóthachain agus ar chaillteanais aitheanta iomlána.

*Sócmhainn infhaighte pinsin*

Cé go mbaineann an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 go sonrach leis an Máistirscéim Pinsin, mar a dhéantar cur síos breise uirthi i Nóta 29, cuireadh comhairle ar an gColáiste go mbeadh an Stát ag freastal ar dhliteanais phinsin amach anseo don Scéim Shamplach agus don Forlíonadh Pinsin ar bhonn íoc mar a thuilltear. Mar thoradh air sin, léiríonn na cuntais sócmhainn infhaighte a dhéanann fritháireamh iomlán ar an dliteanas pinsin. Áirítear gluaiseachtaí ar an bpinsin infhaighte seo sa chuntas ioncaim agus caiteachais nó sa ráiteas ar ghnóthachain agus ar chaillteanais aitheanta iomlána chun go mbeadh siad ar aon dul leis an ngluaiseacht sna dliteanais phinsin.

*Cothabháil Áitreabh*

Muirearaítear costas na gnáthchothabhála ceartaithí chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse a tabhaíodh é.

*Cistí airgid agus leachtacha*

Sa ráiteas faoi shreabhadh airgid, sonraítear airgead mar airgead agus taiscí atá inaisíoctha ar éileamh agus rótharraingtí. Rangaítear taiscí eile a bhfuil tréimhsí aibíochta nó fógartha níos mó ná lá oibre amháin ach níos lú bliain amháin i gceist leo, mar chistí leachtacha.

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS COMHDHLÚITE
Don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2011

| | Nótaí | Comhdhlúite agus Coláiste 2011 €'000 | Comhdhlúite agus Coláiste 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Stáit | 1 | 66,739 | 80,819 |
| Táillí acadúla | 2 | 111,865 | 107,663 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 3 | 78,486 | 88,262 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | 17 | 14,301 | 15,062 |
| Ioncam oibríochta eile | 4 | 46,079 | 52,445* |
| Ioncam úis | | 3,373 | 4,359 |
| Ioncam/(costas) airgeadais eile | 5 | - | - |
| **Ioncam Iomlán** | | 320,843 | 348,610 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 6 | 217,519 | 228,271* |
| Costais oibríochta eile | 7 | 81,460 | 77,365* |
| Ús iníoctha | 8 | 4,081 | 3,412 |
| Dímheas | 10 | 27,299 | 28,877 |
| Caillteanas ar athluacháil maoine infheistíochta | 11 | 1,127 | - |
| **Caiteachas Iomlán** | | 331,486 | 337,925 |
| (Easnamh)/barrachas don bhliain roimh chánachas | | (10,643) | 10,685 |
| Cánachas | 9 | - | - |
| (Easnamh)/barrachas don bhliain tar éis cánachais | 19 | (10,643) | 10,685 |

* Déantar athrangú a shonrú i Nótaí 4, 6 agus 7.

Baineann an cuntas ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leanúnacha. Cheadaigh Bord an Choláiste na ráitis airgeadais ó leathanaigh 11 go 37 an 26 Meitheamh 2013 agus tá siad sínithe thar ceann an Bhoird ag:

Patrick Prendergast
AN PROPAST

Ian Mathews
PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR CHOSTAIS BHARRACHAIS AGUS EASNAIMH STAIRIÚLA
Don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2011

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| (Easnamh)/barrachas don bhliain tar éis cánachais | (10,643) | 10,685 |
| Difríocht idir dímheas costais stairiúil agus an muirear iarbhír don bhliain arna ríomh ar an méid athluacháilte | 5,569 | 5,729 |
| Costas barrachais/(easnamh) stairiúil don bhliain roimh chánachas | (5,074) | 16,414 |
| Costas (easnaimh/barrachais stairiúil don bhliain tar éis cánachais | (5,074) | 16,414 |

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR GHNÓTHACHAIN AGUS AR CHAILLTEANAIS IOMLÁNA AITHEANTA
Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011

| | Nótaí | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| (Easnamh)/barrachas don bhliain tar éis cánachais | | (10,643) | 10,685 |
| Caillteanas athluachála ar mhaoin infheistíochta | 11 | (1,118) | (2,657) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach i ndáil le scéimeanna pinsin | 29 | 118,185 | (140,822) |
| Gluaiseacht ar phinsean infhaighte | 29 | (118,185) | 140,822 |
| Gnóthachan /(Caillteanas) Aitheanta Iomlán don Bhliain | | (11,761) | 8,028 |

## RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI SHREABHADH AIRGID
Don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2011

| | Nótaí | Comhdhlúite 2011 €'000 | Comhdhlúite 2010 €'000 | Coláiste 2011 €'000 | Coláiste 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 10 | 775,401 | 788,227 | 775,399 | 788,227 |
| Maoine infheistíochta | 11 | 54,245 | 17,891 | 54,245 | 17,891 |
| | | 829,646 | 806,118 | 829,644 | 806,118 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | 12 | 74,254 | 38,412 | 74,255 | 38,412 |
| Stoc | 13 | 420 | 387 | 420 | 387 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 27 | 9,707 | 23,607 | 9,705 | 23,607 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 27 | 189,153 | 137,013 | 189,153 | 137,013 |
| | | 273,534 | 199,419 | 273,533 | 199,419 |
| **Creidiúnaithe:** méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 14 | (162,421) | (139,668) | (162,418) | (139,668) |
| **Glan-sócmhainní reatha** | | 111,113 | 59,751 | 111,115 | 59,751 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 940,759 | 865,869 | 940,759 | 865,869 |
| **Creidiúnaithe:** méideanna dlite tar éis bliana amháin | 15 | (137,727) | (121,663) | (137,727) | (121,663) |
| **Glan-sócmhainní gan (dliteanas)/sócmhainn pinsin san áireamh** | | 803,032 | 744,206 | 803,032 | 744,206 |
| Dliteanas pinsin | 29 | (895,407) | (960,906) | (895,407) | (960,906) |
| Pinsean infhaighte | 29 | 895,407 | 960,906 | 895,407 | 960,906 |
| **Glan-Sócmhainní** | | 803,032 | 744,206 | 803,032 | 744,206 |
| Deontais chaipitil iarchurtha | 17 | 430,276 | 359,689 | 430,276 | 359,689 |
| Cúlchiste athluachála | 18 | 333,612 | 334,730 | 333,612 | 334,730 |
| Cúlchistí Ioncaim | 19 | 39,144 | 49,787 | 39,144 | 49,787 |
| | 19 | 372,756 | 384,517 | 372,756 | 384,517 |
| | | 803,032 | 744,206 | 803,032 | 744,206 |

**Cheadaigh Bord an Choláiste na ráitis airgeadais ó leathanaigh 11 go 37 an 26 Meitheamh 2013 agus tá siad sínithe thar ceann an Bhoird ag:**

Patrick Prendergast
**AN PROPAST**

Ian Mathews
**PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS**

## RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI SHREABHADH AIRGID
Don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2011

| | Nótaí | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | 22 | 35,708 | 26,653 |
| Aischuir ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais | 23 | 800 | 1,764 |
| Caiteachas caipitiúil | 24 | (9,273) | (76,009) |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid roimh bhainisitiú acmhainní leachtaithe agus maoiniú** | | 27,235 | (47,592) |
| Acmhainní leachtacha a bhainistiú | 25 | (52,140) | (27,690) |
| Airgeadú | 26 | 15,000 | 40,000 |
| **Laghdú ar airgead tirim sa bhliain** | 27 | (9,905) | (35,282) |

**Réiteach glan-sreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglan-chistí**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (Laghdú) ar airgead tirim sa bhliain | 27 | (9,905) | (35,282) |
| Ardú ar acmhainní leachtacha | 27 | 52,140 | 27,690 |
| Ardú ar iasachtaí bainc | 27 | (15,000) | (40,000) |
| Gluaiseacht i nglan-chistí mar thoradh ar shreabhadh airgid | | 27,235 | (47,592) |
| Méadú ar oibleagáidí léasaithe airgeadais | 27 | (461) | (248) |
| Gluaiseacht i nglan-chistí i rith na bliana | | 26,774 | (47,840) |
| Glan-chistí ag tús na bliana | 27 | 38,214 | 86,054 |
| Glan-chistí ag deireadh na bliana | 27 | 64,988 | 38,214 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

| 1 Deontais Stáit | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais stáit leithroinnte chun chríocha atarlaithe | 66,739 | 80,819 |

| Fuarthas an t-ioncam deontais thuas ó na foinsí seo a leanas: | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| HEA | 62,447 | 75,372 |
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | 4,292 | 5,447 |
| | 66,739 | 80,819 |

| **Réiteach deontais Stáit a fuarthas chuig ioncam aitheanta** | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Deontas Stáit a fuarthas i leith na bliana reatha | 71,020 | 79,616 |
| Deontas Stáit a iarchuireadh ón mbliain cuntasaíochta roimhe sin (Nóta 14) | 4,072 | 5,275 |
| Deontas Stáit a iarchuireadh chuig blianta cuntasaíochta ina dhiaidh sin (Nóta 14) | (8,353) | (4,072) |
| | 66,739 | 80,819 |

Faightear maoiniú ón Stát ar bhonn bliana féilire. Tá bliain airgeadais an Choláiste bunaithe ar an mbliain acadúil, ó Dheireadh Fómhair go Meán Fómhair. De réir bheartas cuntasaíochta an Choláiste, aithníodh deontais atarlaithe ar bhonn fabhraithe. Da bhrí sin, in aon bhliain cuntasaíochta, déanfar gné mhaoinithe a iarchur chuig tréimhsí cuntasaíochta ina dhiaidh sin chun an maoiniú a mheaitseáil leis an gcaiteachas gaolmhar.

| 2 Táillí acadúla | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam ó tháillí acadúla | 110,044 | 106,731 |
| Ioncam ó tháillí ilghnéitheacha | 1,821 | 932 |
| Táillí iomlána íoctha ag nó thar ceann mhic léinn ar leith | 111,865 | 107,663 |

Íocadh iomlán de €46,695,357 (2010: €40,656,996) a áiríodh san ioncam ó tháillí acadúla go díreach leis an Údarás um Ard-Oideachas. Airítear air seo €4,978,128 a íocann an HEA anois (comhionann le €4,728,661 in 2010 a d'íoc Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte).I dtaobh táillí altranais.

| Déantar anailís ar an ioncam ó tháillí acadúla mar seo a leanas: | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Lánaimseartha AE | 81,113 | 79,510 |
| Lánaimseartha neamh-AE | 21,353 | 18,881 |
| Páirtaimseartha AE | 7,016 | 8,221 |
| Páirtaimseartha neamh-AE | 539 | 96 |
| Cúrsaí gearra | 23 | 23 |
| | 110,044 | 106,731 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

| 2 Táillí acadúla – ar lean | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|

**Muirear seirbhíse mac léinn**

San áireamh san ioncam ó tháillí acadúla thuas tá muirear seirbhíse mac léinn mar atá leagtha amach thíos leis an gcaiteachas lena mbaineann sé.

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncaim ó mhuirear seirbhíse mac léinn* | 8,807 | 8,724 |
| *Caiteachas* | | |
| Costais sheirbhíse mac léinn | (4,699) | (4,771) |
| Costais scrúdaithe | (1,295) | (1,301) |
| Costais spáis a bhaineann le saoráidí mac léinn | (773) | (769) |
| Costais a bhaineann le clárú, táillí, iontrálacha agus taifid | (1,307) | (1,347) |
| Caiteachas iomlán | (8,074) | (8,188) |
| Barrachas | 733 | 536 |

*D'ardaigh muirear seirbhíse mac léinn ó €900 go €1,500 in 2009/10. Is ranníoc an €600 breise mar ranníoc i dtreo l aghduithe ar chroímhaoiniú deontais agus tá sé san áireamh in ioncam ó tháillí acadúla.

Tá Tuarascáil an Ghrúpa Oibre maidir le Ranníocaíochtaí Mac Léinn tugtha chun críche ag an Údarás um Ard-Oideachais (HEA), grúpa a bunaíodh in 2011 tar éis thabhairt isteach na Ranníocaíochta Mac Léinn nua le héifeacht ó Mheán Fómhair 2011. Tá an earnáil ag úsáid an nóta ar mhuirear mac léinn thuas don uair dheiridh in 2010/11 ó tharla gur chomhaontaigh an Grúpa Oibre nach mbeadh gá níos mó le nóta sonrach maidir le hioncam agus caiteachas a bhaineann leis an muirear cláraithe mac léinn sna cuntais airgeadais ó 2011/12. Cuirfear na teimpléid tuairiscithe leasaithe a chlúdaíonn an Ranníocaíocht Mac Léinn ar fáil anois ar láithreán gréasáin an Choláiste.

| 3 Deontais agus conarthaí taighde | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Stát agus leath-stát | 58,078 | 63,238 |
| An tAontas Eorpach | 8,404 | 7,588 |
| Tionscal | 2,626 | 3,373 |
| Eile | 5,928 | 10,118 |
| Forchostais SFI | 3,450 | 3,945 |
| | 78,486 | 88,262 |

| 4 Ioncam oibríochta eile | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Scoileanna Acadúla agus Oifigí Dáimhe | 6,598 | 7,280 |
| Limistéir Seirbhíse | 3,236 | 2,978 |
| Lónadóireacht | 2,937 | 3,144 |
| Áiteanna Cónaithe | 9,540 | 9,268 |
| Seirbhísí coimhdeacha eile | 845 | 777 |
| Ioncam ó chíos | 4,577 | 5,598* |
| Ioncam poist maoinithe | 1,316 | 1,373 |
| Ioncam Leabharlainne | 6,402 | 6,018 |
| Ioncam lámhaltais | 826 | 1,860 |
| Ioncam eile | 9,802 | 14,149* |
| | 46,079 | 52,445 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

### 4 Ioncam oibríochta eile (ar lean)

* Mheas athbhreithniú mionsonraithe ar ioncam agus ar chaiteachas go raibh sé níos cuí 'ioncam comhlán' a léiriú seachas comhluacháil in aghaidh 'chaiteachais oibríochta eile. Bhí luacháil €2.9m in 2010 mar thoradh air seo (féach Nóta 7).

### 5 Ioncam/(costas) airgeadais eile

| | Nótaí | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| Aischur ionchais ar shócmhainní pinsin | 29 | - | 4,690 |
| Ús ar dhliteanais phinsin | 29 | (47,092) | (47,014) |
| | | (47,092) | (42,324) |
| Gluaiseacht ar phinsean infhaighte chun costais airgeadais a fhritháireamh | 29 | 47,092 | 42,324 |
| | | - | - |

### 6 Costais foirne Nótaí

Is mar seo a leanas a bhí an meánlíon daoine in aghaidh na seachtaine (lena n-áirítear sealbhóirí poist sinsearacha) a bhí fostaithe sa Choláiste i rith na bliana, léirithe mar shealbhóirí comhionann lánaimseartha: :

| | 2011 Líon | 2010 Líon |
|---|---|---|
| Teagasc agus taighde | 1,243 | 1,255 |
| Teicniúil | 947 | 955 |
| Seirbhísí Tacaíochta | 875 | 887 |
| Eile | 748 | 780 |
| | 3,813 | 3,877 |

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus pá | 183,407 | 195,702* |
| Costais leasa shóisialaigh | 13,077 | 13,022* |
| Costais phinsin eile** | 21,035 | 19,547 |
| | 217,519 | 228,271 |

| ** Costais phinsin eile i leith: | | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| Sochar sainithe | 29 | 32,651 | 24,709 |
| Ranníocaíocht shainithe | 29 | 29 | 27 |
| Gluaiseacht ar phinsean infhaighte chun costais incriminteacha FRS 17 a fhritháireamh | 29 | (11,645) | (5,189) |
| | | 21,035 | 19,547 |

* Mheas athbhreithniú mionsonraithe ar ioncam oibríochta eile go raibh sé níos cuí €1.5m a léiriú in 'caiteachas oibríochta eile' seachas 'costais foirne' in 2010 (féach Nóta 7).

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

| 7 Costais oibríochta eile | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Muirir theileafóin agus muirir ghaolmhara | 747 | 883 |
| Táillí comhdhála | 492 | 713 |
| Earraí inchaite | 15,948 | 16,470 |
| Ríomhairí agus trealamh eile | 7,457 | 7,157 |
| Teas, solas, uisce agus cumhacht | 6,538 | 5,995 |
| Leabhair agus tréimhseacháin | 2,552 | 2,957 |
| Deisiúcháin agus cothabháil ghinearálta | 11,718 | 10,661 |
| Árachas | 1,117 | 1,149 |
| Iniúchadh agus seirbhísí gairmiúla | 3,614 | 4,522 |
| Cíos agus rátaí | 2,704 | 2,627 |
| Priontáil agus páipéarachas | 4,014 | 3,861 |
| Taisteal agus cothabháil | 4,860 | 4,989 |
| Fáilteachas agus siamsaíocht | 795 | 975 |
| Earcú | 241 | 346 |
| Caipitlíocht | 1,149 | 1,177 |
| Caiteachas ar tháillí acadúla – | 5,277 | 5,216 |
| Costais eile | 12,237 | 7,667* |
| | 81,460 | 77,365 |

| Áirítear ar chostais oibríochta eile: | | |
|---|---|---|
| Luach saothair na nIniúchóirí: | | |
| - Iniúchadh seachtrach (CBL san áireamh) | 123 | 123 |
| - Iniúchadh reachtúil | 15 | 21 |
| | 138 | 144 |

Fostaíonn Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide iniúchóir inmheánach agus tá na costais sin curtha san áireamh mar chuid de na costais foirne don bhliain.

Áirítear ar chostais eile íocaíocht €1.3m le Fondúireacht na Tríonóide le linn 2010/11 (2009/10: €1.3m).

Déantar táillí saor in aise (tarscaoiltí táillí agus táillí scoláirí) €1.4m a léiriú faoi ioncam táillí agus léirítear an caiteachas gaolmhar deimhnithe faoi chostais eile. Déantar seo freisin laistigh d'earnáil na hOllscoile.

* Mheas athbhreithniú mionsonraithe ar ioncam agus ar chaiteachas go raibh sé níos cuí a leanas a léiriú:

- "ioncam oibríochta eile" comhlán seachas comhluacháil in aghaidh 'chaiteachais oibríochta eile". Athrangú €2.9m in 2010 a bhí mar thoradh air seo (féach Nóta 4).
- €1.5m faoi 'costais oibríochta eile' seachas 'costais foirne' in 2010 (féach Nóta 6).

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

| 8 Ús iníoctha | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Maidir le léasanna airgeadais | 3,443 | 3,412 |
| Ar iasacht bainc | 638 | - |
| | 4,081 | 3,412 |

Tugadh Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide i gcrích in 2011. Sular tugadh chun críche í rinneadh ús carntha €1,783,818 (2009/10:€736,763) a mhuirearaíodh ar iasacht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (nóta 15) a chapitiliú.

## 9 Cánachas

Tá gníomhaíochtaí a mbíonn an Coláiste ina mbun, agus a riarann a fhochuideachta, faoi dhliteanas cánach corparáide. Níl ann do mhuirear cánach corparáidigh don Choláiste ná dá fhochuideachta sa bhliain reatha.

| 10 Sócmhainní seasta inláimhsithe | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Trealamh Ríomhaireachta €'000 | Trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **COMHDHLÚITE** | | | | |
| **Costas nó luacháil** | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010 | 913,843 | 16,498 | 139,100 | 1,069,441 |
| Breiseanna | 46,477 | 1,307 | 5,318 | 53,102 |
| Athrangú go Maoine Infheistíochta (Nóta 11) | (38,599) | - | - | (38,599) |
| Diúscairtí | - | (837) | (877) | (1,714) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2011 | 921,721 | 16,968 | 143,541 | 1,082,230 |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010 | 150,831 | 14,983 | 115,400 | 281,214 |
| Dímheas don bhliain | 16,732 | 834 | 9,733 | 27,299 |
| Diúscairtí | - | (837) | (847) | (1,684) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2011 | 167,563 | 14,980 | 124,286 | 306,829 |
| **Glan-luach leabhair** | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010 | 763,012 | 1,515 | 23,700 | 788,227 |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2011 | 754,158 | 1,988 | 19,255 | 775,401 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

| 10 Sócmhainní seasta inláimhsithe – ar lean | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Trealamh Ríomhaireachta €'000 | Trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **COLÁISTE** | | | | |
| **Costas nó luacháil** | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010 | 913,843 | 16,498 | 139,100 | 1,069,441 |
| Breiseanna | 46,475 | 1,307 | 5,318 | 53,100 |
| Athrangú go Maoine Infheistíochta (Nóta 11) | (38,599) | - | - | (38,599) |
| Diúscairtí | - | (837) | (877) | (1,714) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2011 | 921,719 | 16,968 | 143,541 | 1,082,228 |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010 | 150,831 | 14,983 | 115,400 | 281,214 |
| Muirear don bhliain | 16,732 | 834 | 9,733 | 27,299 |
| Diúscairtí | - | (837) | (847) | (1,684) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2011 | 167,563 | 14,980 | 124,286 | 306,829 |
| **Glan-luach leabhair** | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010 | 763,012 | 1,515 | 23,700 | 788,227 |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2011 | 754,156 | 1,988 | 19,255 | 775,399 |

Áirítear ar Thalamh agus Foirgnimh sócmhainní a ndearna Bord an Choláiste luacháil orthu i 1998 agus is ionann costas stairiúil na sócmhainní athluacháilte agus €341,648,000.

Rinneadh talamh a luacháil ar bhonn úsáid reatha ag luacháil de €126,974 ina aghaidh an acra. Rinneadh foirgnimh a luacháil ar bhonn úsáid reatha ag an gcostas caighdeánach de €2,413 in aghaidh gach méadair chearnaigh.

Áirítear le Talamh agus Foirgnimh sócmhainní atá á bhfoirgniú de €0.7m (2009/10: €92.4m). Tugadh Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide ina bhfuil gnéithe acadúla (costas 2010/11:€90.8m agus gnéithe tráchtála (costas 2010/11: €38.6m), chun críche i rith 2011 agus rinneadh an gné tráchtála a aistriú chuig maoine infheistíochta (Nóta 11).

Agus FRS 5, *'Substaint na nIdirbheart a Thuairisciú'* á chur i bhfeidhm aige, tá maoin Talún agus Foirgneamh lena bhfuil dliteanais ghaolmhara de €58,501,978 (2009/10: €58,041,433): curtha san áireamh i gcreidiúnaithe (féach Nóta 16). B'ionann glan-luach leabhair na maoine sin agus €60,480,000 amhail an 30 Meán Fómhair 2011 (2009/10: €61,920,000).

Chomh maith leis sin, áirítear ar Thalamh agus Foirgnimh sócmhainní eile lena bhfuil luach leabhair de €77,999,184 (2009/10: €79,474,181) d'fhonn substaint na socruithe atá ar bun seachas an fhoirm dhlíthiúil a thuairisciú.

**Sócmhainní Oidhreachta**

Sealbhaíonn agus coinníonn an Coláiste sócmhainní oidhreachta ar leith ar nós pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní nach féidir luach a chur orthu. Caomhnaíonn an Coláiste na sócmhainní seo ar mhaithe le taighde agus teagasc agus ar mhaithe le hidirghníomhú idir an Coláiste agus ar pobal.

Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a fhaightear roimh 1 Deireadh Fómhair 2006 a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go mbreithnítear nach féidir aon fhíor-luach a leagan orthu de bharr easpa eolais a bheith ann ar an gcostas a bhain lena gceannach an chéad uair agus de bharr nach féidir na sócmhainní seo a réadú go réidh. Tá gach costas a tabhaíodh maidir lena gcaomhnú tugtha de réir mar a tabhaíodh iad. Tagann na príomhshócmhainní atá i seilbh an Choláiste faoi na catagóirí atá sonraithe thíos.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

### 10 Sócmhainní seasta inláimhsithe (ar lean)

**Leabharlann:**

Tá níos mó ná 5 milliún imleabhar clóite i Leabharlann Choláiste na Tríonóide ina measc bailiúcháin mhóra leabhar, irisí, lámhscríbhinní, léarscáileanna agus ceoil, a léiríonn breis agus 400 bliain d'fhorbairt acadúil. Tá bailiúchán neamhchoitianta ar taispeáint sa Leabharlann ina bhfuil leabhair agus lámhscríbhinní ársa an Leabhar Ceanannais ina measc atá ar taispeáint sa tSean-Leabharlann i gColáiste na Tríonóide ó lár an 19ú haois. Tá a láithreán gréasáin féin ag an Leabharlann www.tcd.ie/Library. Le fáil ar an láithreán seo tá naisc chuig caomhnú agus buanchoimeád, eolas catalóige agus taispeántais agus imeachtaí.

**Músaeim:**

I mbailiúcháin na roinne tá níos mó ná 200,000 samplaí carraigeacha, mianraí, iontaisí, dreigítí agus múnlaí mar aon le hábhair ghrianghrafach agus cartlanna chomh maith le samplaí de speicis atá i mbaol agus de bhailiúcháin feithidí agus eiseamail a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint le go leor díobh.
Tá déantáin i *Músaem Weingreen* lárnach do theagasc fochéime faoi stair agus cultúir an Neasoirthir ársa, agus baintear úsáid astu freisin i dteagasc an mhodha seandálaíochta sna modúil i Stair Ársa agus i Seandálaíocht. Tá go leor diosctha stairiúla breá sa *Mhúsaem Anatamaíochta* ar féidir le na mic léinn a úsáid chun cur lena dtuiscint ar nádúr 3-thoiseach na colainne.

**Bailiúchán Ealaíne:**

Tá bailiúchán ealaíne mór ag an gColáiste a bhailigh sé thar thréimhse trí chéad bliain ina bhfuil bailiúchán stairiúil portráidí agus dealbh mór le rá de chuid ealaíontóirí as Éirinn agus idirnáisiúnta agus atá le feiceáil ag an bpobal ar fud an Choláiste.

**Airgead:**

Luaitear dáta siar chomh fada leis an seachtú aois déag le Bailiúchán Airgid Choláiste na Tríonóide agus sa bhailiúchán tá míreanna searmanais, oifigiúla, eaglasta agus plátaí baile, mar aon le míreanna Sheffield agus leictreaphlátála, rogha boscaí snaoisín agus luaithreadán mar aon le cás óir toitíní. Baintear úsáid as Más an Choláiste agus as Pláta an Choláiste chun críocha searmanais agus maisiúla ag Searmanais Tionscnaimh agus dinnéir speisialta de chuid an Choláiste. Baintear úsáid as an mbailiúchán faoi láthair chun críocha oideachais agus taighde agus táthar i mbun breithnithe faoi láthair ar chóir an bailiúchán a chur ar taispeáint amach anseo nó nár chóir.

**Breiseanna/diúscairtí sócmhainní oidhreachta:**

Rinneadh sócmhainní oidhreachta €0.32m a dheonú ar Choláiste na Tríonóide idir 1 Deireadh Fómhair 2006 agus 30 Meán Fómhair 2011 agus tugtar achoimre orthu thíos: Ní dearnadh na sócmhainní seo a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go ndéantar gach mír aonair a luacháil ag luach níos lú ná an tairseach €0.15m.

| | 2006/07 | 2007/08 | 2008/09 | 2009/10 | 2010/11 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Luach na nDámhachtainí de réir deonacháin** | €0.05m | €0.04m | €0.04m | €0.04m | €0.15m |

Níor déanadh aon sóchmainní oidhreachta a dhiúscairt idir 1 Deireadh Fómhair 2006 agus 30 Meán Fómhair 2011.

### 11 Maoine Infheistíochta

| | Comhdhlúite agus Coláiste | |
|---|---|---|
| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
| Ag tús na bliana | 17,891 | - |
| Breiseanna sa bhliain | - | 6,528 |
| Athrangú ó shócmhainní seasta inláimhsithe ag glanluachleabhair | 38,599 | 14,020 |
| Caillteanas athluachála sa bhliain* | (2,245) | (2,657) |
| Ag deireadh na bliana | 54,245 | 17,891 |

Luacháil Knight Frank Limited gach maoin infheistíochta amhail an 30 Meán Fómhair 2011 ag luach an mhargaidh der réir chaighdeáin luachála Suirbhéirí Cairte na hInisitiúide Ríoga. Tharla easnaimh athluachála €1m agus €1.2m in 2011 faoi seach mar gheall ar luachálacha a rinneadh ar Theach Lincoln agus ar Theach Oisin amhail 30 Meán Fómhair 2011. Rinneadh Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (gné tráchtála) a luacháil ag €38.5m amhail 30 Meán Fómhair 2011 nuair a tugadh an foirgneamh ar lámh don Choláiste an 22 Meán Fómhair 2011 lenar bhain easnamh athluachála €0.1m maidir lena chostas de €38.6m.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

### 11 Maoine infheistíochta (ar lean)

*Cuireadh €1.118m den easnamh iomlán ar athluacháil maoine infheistíochta a chur san áireamh sa chúlchiste athluachála sa Chlár Comhardaithe (2010: €2.657m) agus rinneadh €1.127m a aithint mar chaillteanas sa chuntas ioncaim agus caiteachais (2010: €nialas).

| 12 Féichiúnaithe | Comhdhlúite | | Coláiste | |
|---|---|---|---|---|
| | 2011 €'000 | 2010 €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
| Féichiúnaithe trádála | 4,667 | 7,951 | 4,667 | 7,951 |
| Deontais agus conarthaí taighde infhaighte | 12,775 | 16,036 | 12,775 | 16,036 |
| Deontais chaipitil Stáit infhaighte | 35,505 | 375 | 35,505 | 375 |
| Maoiniú caipitil infhaighte nach maoiniú Stáit é | 743 | 570 | 743 | 570 |
| Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile | 20,564 | 13,480 | 20,564 | 13,480 |
| Méideanna dlite ó fhoghnóthais | - | - | 1 | - |
| | 74,254 | 38,412 | 74,255 | 38,412 |

| 13 Stoic | Comhdhlúite agus Coláiste | |
|---|---|---|
| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
| Amhábhair agus earraí inchaite | 109 | 81 |
| Earraí críochnaithe le hathdhíol | 311 | 306 |
| | 420 | 387 |

Níl aon difríocht ábhartha idir an méid stoic ar an gclár comhardaithe agus an costas athsholáthair ina leith.

| 14 Creidiúnaithe: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | Comhdhlúite | | Coláiste | |
|---|---|---|---|---|
| | 2011 €'000 | 2010 €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
| Creidiúnaithe trádála | 5,866 | 10,595 | 5,866 | 10,595 |
| Deontais agus conarthaí taighde roimh ré | 35,968 | 30,758 | 35,968 | 30,758 |
| Táillí acadúla faighte roimh ré | 40,844 | 36,627 | 40,844 | 36,627 |
| Deontas Stáit atarlaithe faighte roimh ré | 8,353 | 4,072 | 8,353 | 4,072 |
| Maoiniú caipitil faighte roimh ré | 6,723 | 4,757 | 6,723 | 4,757 |
| Fabhruithe agus ioncam iarchurtha | 31,522 | 20,475 | 31,519 | 20,475 |
| Iasachtaí bainc agus rótharraingtí (Nóta 16) | 370 | 4,365 | 370 | 4,365 |
| PAYE/PRSI | 5,841 | 4,534 | 5,841 | 4,534 |
| Creidiúnaithe eile | 26,934 | 23,485 | 26,934 | 23,485 |
| | 162,421 | 139,668 | 162,418 | 139,668 |

Áirítear ar fhabhruithe ioncam iarchurtha de €3.1m (20010:€3.9m) ó chomhaontuithe lamhaltais agus €1.0m (2010: €nialas) maidir le eStrategy.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

| 15 Creidiúnaithe: méideanna dlite tar éis bliana amháin | Comhdhlúite | | Coláiste | |
|---|---|---|---|---|
| | 2011 €'000 | 2010 €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
| Oibleagáidí faoi léasanna airgeadais (Nóta 16) | 58,502 | 58,041 | 58,502 | 58,041 |
| Iasacht bainc (Nóta 16) | 75,000 | 60,000 | 75,000 | 60,000 |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe eile | 4,225 | 3,622 | 4,225 | 3,622 |
| | 137,727 | 121,663 | 137,727 | 121,663 |

Baineann an oibleagáid léasa airgeadais leis an socrú airgeadais do Halla na Tríonóide a bhfuil substaint léasa airgeadais aige. Tá na hoibleagáidí faoi léas airgeadais go léir san áireamh i gcreidiúnaithe atá dlite tar éis bliana amháin.

Tá saoráid iasachta €75 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ag an gColáiste ar tarraingíodh anuas €60 milliún di amhail an 30 Meán Fómhair 2011. Iasacht ar ráta athraitheach an t-iasacht atá ceangailte le Euribor 3 mhí agus atá iníoctha gach sé mhí i ngálaí cothroma agus an chéad tráthchuid le n-íoc in 2019. Ní mór don Choláiste cloí le cúnaint ar leith atá mar chuid den tsaoráid iasachta seo.

| 16 Iasachtaí | Comhdhlúite | | Coláiste | |
|---|---|---|---|---|
| | 2011 €'000 | 2010 €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
| **(a) Iasachtaí bainc agus rótharraingtí** | | | | |
| Tá iasachtaí bainc agus rótharraingtí inaisíoctha mar seo a leanas: | | | | |
| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 370 | 4,365 | 370 | 4,365 |
| Dlite tar éis níos mó ná cúig bliana | 75,000 | 60,000 | 75,000 | 60,000 |
| Iomlán | 75,370 | 64,365 | 75,370 | 64,365 |

Níl aon saoráid iasachta bainc neamhtharraingthe ar fáil ag an gColáiste amhail an 30 Mean Fómhair 2011 (2010:€15 milliún)

**(b) Léasanna airgeadais**

Is iad na glan-oibleagáidí léasa airgeadais dá bhfuil an coláiste tiomanta:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dlite tar éis níos mó ná cúig bliana | 58,502 | 58,041 | 58,502 | 58,041 |

Baineann an oibleagáid leis an socrú airgeadais do Halla na Tríonóide a bhfuil substaint léasa airgeadais aige.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

| 17 Deontais chaipitil iarchurtha<br>Comhdhlúite agus Coláiste | Stát<br>€'000 | Deontais eile agus Bronntóirí<br>€'000 | Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Foirgnimh & Trealamh** | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010 | 212,849 | 146,840 | 359,689 |
| Méid infhaighte | 79,285 | 5,603 | 84,888 |
| Scaoilte chuig ioncam agus caiteachas | (13,551) | (750) | (14,301) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2011 | 278,583 | 151,693 | 430,276 |

| 18 Cúlchiste athluachála<br>Comhdhlúite agus Coláiste | 2011<br>€'000 | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010 | 334,730 | 337,387 |
| Athluacháil maoine infheistíochta (Nóta 11) | (1,118) | (2,657) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2011 | 333,612 | 334,730 |

| 19 Réiteach gluaiseacht cúlchistí<br>Comhdhlúite agus Coláiste | Cúlchistí Ioncaim<br>€'000 | Cúlchiste Athluachála<br>€'000 | Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010 | 49,787 | 334,730 | 384,517 |
| Easnamh don bhliain airgeadais | (10,643) | - | (10,643) |
| Athluacháil maoine infheistíochta (Nóta 11) | - | (1,118) | (1,118) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2011 | 39,144 | 333,612 | 372,756 |

### 20 Dliteanais theagmhasacha:

Tá slánaíochtaí tugtha ag an gColáiste i ndáil le caiteachas áirithe a bheith cáilithe chun críocha liúntais chaipitil i maoiniú Foirgnimh Lloyd, Botany Bay, Áiteanna Cónaithe Mac Léinn Halla na Tríonóide, an Halla Spóirt agus Foirgneamh CRANN.

Tá baint ag an gColáiste le roinnt caingne dlí a thagann chun cinn le linn gnáthchúrsaí gnó. Níltear agsúille drochthionchar ábhartha ar bith ar staid airgeadais an Choláiste mar thoradh ar réiteach deiridh ar na caingne dlí sin.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

| 21 Tiomantais | Comhdhlúite | | Coláiste | |
|---|---|---|---|---|
| | 2011 €'000 | 2010 €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
| **Tiomantais Chaipitil** | | | | |
| Conradh déanta ach gan curtha ar fáil fós | 10,292 | 24,894 | 10,292 | 24,894 |
| Údaraithe ach gan a bheith curtha amach ar conradh | 2,638 | 2,707 | 2,638 | 2,707 |
| | 12,930 | 27,601 | 12,930 | 27,601 |

Tá laghdú suntasach tagtha ar Thiomantais Chaipitil Chonraithe de bharr laghduithe ar thiomantais amuigh ar an tSaoráid Bhitheolaíochta ó €20.6m in 2010 go €2.0m amhail an 30 Meán Fómhair 2011.

**Tiomantais Eile**
Maidir le hÁiteanna Cónaithe Mac Léinn Halla na Tríonóide, tá Coláiste na Tríonóide tiomanta d'íocaíocht airgeadais bhliantúil €2.22m a mhéadóidh ag 4% in aghaidh na bliana, ar feadh 33 bliain, a thosaigh in 2003/2004.

Maidir le hÁiteanna Cónaithe Mac Léinn Botany Bay, tá ráthaíocht tugtha ag Coláiste na Tríonóide €9.42m a íoc le grúpa infheisteoirí a bhfuil leas á bhaint acu as faoiseamh cánach 'Alt 50' ar chaiteachas incháilithe faoi Chuid 11A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. Cuireadh tús le híocaíocht in 2001/2002 agus ba é an méid iomlán a bhí le híoc amhail an 30 Meán Fómhair 2011 ná €253,948.

| 22 Réiteach (easnaimh)/barrachais/(easnaimh) oibríochta chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| (Easnamh) / barrachas don bhliain | (10,643) | 10,685 |
| Dímheas | 27,299 | 28,877 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | (14,301) | (15,062) |
| Méadú ar stoic | (33) | (35) |
| Ardú ar fhéichiúnaithe | (539) | (8,566) |
| Ardú ar chreidiúnaithe | 32,090 | 11,701 |
| Ús iníoctha | 4,081 | 3,412 |
| Ús faighte | (3,373) | (4,359) |
| Caillteanas ar athluacháil maoine infheistíochta | 1,127 | - |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta | 35,708 | 26,653 |

| 23 Aischuir ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Ús faighte | 3,373 | 4,359 |
| Ús íoctha | (2,573) | (2,595) |
| Glan-insreabhadh airgid ó aischuir ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais | 800 | 1,764 |

| 24 Caiteachas caipitiúil | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | (60,045) | (90,299) |
| Deontais chaipitil faighte | 50,772 | 20,818 |
| Maoin infheistíochta a cheannach | - | (6,528) |
| Glan-eis-sreabhadh Airgid ó Chaiteachas Caipitil | (9,273) | (76,009) |

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

| 25 Acmhainní leachtacha a bhainistiú | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Gluaiseacht i dtaiscí gearrthéarmacha | (52,140) | (27,690) |

| 26 Airgeadú | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Iasacht bainc faighte | 15,000 | 40,000 |

| 27 Anailís ar athruithe ar ghlanchistí | Amhail 1 D.Fómhair 2010 €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | Athruithe Eile €'000 | Amhail 30 M.Fómhair 2011 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead Tirim | 23,607 | (13,900) | - | 9,707 |
| Rótharraingt bainc | (4,365) | 3,995 | - | (370) |
| | 19,242 | (9,905) | - | 9,337 |
| Acmhainní leachtacha | 137,013 | 52,140 | - | 189,153 |
| Oibleagáidí faoi léasanna airgeadais | (58,041) | - | (461) | (58,502) |
| Iasacht bhainc | (60,000) | (15,000) | - | (75,000) |
| Iomlán | 38,214 | 27,235 | (461) | 64,988 |

Áirítear ar acmhainní leachtacha taiscí bainc gearrthéarmacha a bhfuil tréimhsí aibíochta nó fógartha níos mó ná lá amháin i gceist leo.

## 28 Páirtithe gaolmhara

Seo a leanas mionsonraí idirbhearta Choláiste na Tríonóide le páirtithe gaolmhara:

Is cuideachta ghaolmhar teoranta í Institiúid Haughton. Is iad príomhchuspóirí na hInstitiúide forbairt ar oideachas agus oiliúint iarchéime liachta, agus bainistiú agus maoiniú taighde a éascú, i gcomhar le hospidéil. Tá leas 33.3% ag Coláiste na Tríonóide i scairchaipiteal Institiúid Haughton. I rith na tréimhse, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí €143,598 (2009/10: €149,188) le hInstitiúid Haughton agus fuair sé €160,277 (2009/10: €252,733) do sheirbhísí a cuireadh ar fáil d'Institiúid Haughton. Ar bhonn neamhthuilleamaíoch a rinneadh na hidirbhearta go léir. Amhail an 30 Meán Fómhair 2011, bhí suim de €107,504 (2009/10 €38,360) dlite d'Institiúid Haughton ó Choláiste na Tríonóide. B'ionann glan-sócmhainní Institiúid Haughton de réir na Ráiteas Airgeadais iniúchta amhail an 31 Nollaig 2010 agus €553,769 (2009: €563,153) agus b'ionann an t-easnamh don bhliain agus €9,387 (2009: barrachas €47,056).

Is cuideachta gaolmhar í Ghala Limited agus is í tógáil agus athchóiriú maoine an Choláiste a príomhghníomhaíocht . Tá leas 100% ag Coláiste na Tríonóide i scairchaipiteal Ghala Limited. I rith na tréimhse, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí i leith obair fhorbartha a rinneadh de luach €329,683 (2009/10: €58,979). D'aistrigh Ghala Limited costais de luach €289,171 (2009/10 €51,552) chuig Coláiste na Tríonóide i rith na bliana. Amhail an 30 Meán Fómhair 2010, bhí méid de €1,474 (2009/10: €Nialas) dlite ó Ghala Limited.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

### 28 Páirtithe gaolmhara

Is cuideachta ghaolmhar faoi theorainn ráthaíochta, nach bhfuil scairchaipiteal aici agus atá cláraithe gan an focal "Teoranta" ina hainm é Molecular Medicine Ireland (MMI). Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta ná taighde ar bhunúis mhóilíneacha do ghalair, oideachas d'iarchéimithe, oiliúint, taighde agus obair chomhairleach sna bitheolaíochtaí. Is comhalta de MMI é Coláiste na Tríonóide. I rith na tréimhse, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí ar sheirbhísí de €358,259 (2009/10: €325,341) le MMI agus fuair sé €500 (2009/10: €Nialas). Amhail an 30 Meán Fómhair 2011, bhí méid de €24,956 (2009/10: €200) dlite do MMI. Ar bhonn neamhthuilleamaíoch a rinneadh na hidirbhearta go léir. B'ionann glan-chúlchistí MMI de réir a Ráiteas Airgeadais amhail an 30 Meán Fómhair 2011 agus €Nialas (2010: €Nialas) agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €Nialas (2010: €Nialas).

Tá an tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC) Teoranta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aige. Is comhalta de NDRC Teoranta é Coláiste na Tríonóide. Amhail an 30 Meán Fómhair 2011, bhí méid de €112,334 (2009/10: €84,251) dlite ó NDRC Limited. B'ionann na glan-sócmhainní de réir a Ráiteas Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2010 agus €710,603 (2009: €678,689) agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €31,914 (2009:€45,568).

Tá an Institiúid Náisiúnta um Thaighde & Oiliúint Bithphróiseála (NDRC) Teoranta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aige. Is comhalta de NIBRT Teoranta é Coláiste na Tríonóide. Amhail an 30 Meán Fómhair 2011, bhí méid de €59,931 (2009/10: €18,150) dlite ó NIBRT Limited. B'ionann na glan-chúlchistí (de réir a Ráiteas Airgeadais a rinneadh a coigeartú ag teacht le beartais chuntasaíochta Choláiste na Tríonóide amhail an 31 Nollaig 2010 agus €Nialas (2009: €Nialas) agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €Nialas (2009: €Nialas).

Ionchorpraíodh 'The Lir' Academy of Dramatic Art Limited (ar a dtugtar 'The Lir' freisin) de chuid Coláiste na Tríonóide amhail an 14 Meitheamh 2010, níl scairchaipiteal aige agus tá sé teoranta trí ráthaíocht. Is páirtí leasmhar é The Lir mar go bhfuil dhá ionadaí Coláiste ann as seacht gcomhalta iomlán an Bhoird. Is iad a phríomhghníomhaíochtaí Acadamh a bhunú agus a fheidhmiú do sholáthar seirbhísí oideachais, oiliúna agus taighde maidir le drámaíocht. Tá maoin ar léas ag The Lir ón gColáiste le 10 mbliana ar chíos ainmniúil de €10 sa bhliain. Amhail an 30 Meán Fómhair 2011, bhí méid de €225,000 dlite ó The Lir. Is iad glan-shócmhainní The Lir de réir chuntais bhainistíochta amhail an 30 Meán Fómhair 2011 ná €101,419 agus ba é an brabús deon tréimhse 18 mí dar críoch €101,419.

Chuir Q4 Public Relations seirbhísí de shuim €nialas ar fáil don Choláiste i rith na bliana dar críoch 30 Meán Fómhair 2011 (2009/10: €33,779), a raibh €nialas de gan íoc amhail an 30 Meán Fómhair 2011. Ceapadh an tUasal Jackie Gallagher, stiúrthóir sa ghnólacht, ina chomhalta de Bhord an Choláiste ar 31 Lúnasa 2010.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

## 29 Sochair Scoir

**a) Scéim phinsin ranníocaíochtaí sainithe**

Feidhmíonn an Coláiste scéim phinsin ranníocaíochtaí sainithe. Is ionann an muirear pinsin don tréimhse agus ranníocaíochtaí atá le híoc ag an gColáiste leis an scéim agus b'ionann sin agus €0.03 milliún (2010: €0.03 million).

Ní raibh aon ranníocaíochtaí amuigh nó aon ranníocaíochtaí réamhíoctha ag tús nó ag deireadh na bliana airgeadais.

**b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe**

**i) *Cúlra***

Bhí na socruithe sochair shainithe seo a leanas ar bun ag an gColáiste i rith na bliana:

- Máistirscéim Pinsin
- Scéim Shamplach
- Forlíonadh Pinsin

*Máistirscéim*

Sular tharla na hathruithe thíosluaite, rinne an Coláiste maoiniú ar Mháistirscéim Pinsin, a bhí comhdhéanta de scéim phinsin agus de scéim ioncaim míchumais fadtréimhseach, ag feidhmiú faoi Ghníomhas Iontaobhais le seachtar Iontaobhaí, lena n-áirítear Iontaobhas Pinsean na hÉireann mar Iontaobhaí Corparáideach agus Cathaoirleach na nIontaobhaithe. Soláthraíonn an Mháistirscéim Pinsin teidlíochtaí pinsin fhostaithe áirithe, atá bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a chinntítear ag ranníocaíochtaí ón gColáiste agus ó na fostaithe. Baineann an Mháistirscéim Pinsin seo le fostaithe inphinsin a ceapadh roimh 31 Eanáir 2005 agus tá sí dúnta d'iontrálaithe nua a chuaigh i mbun fostaíochta leis an gColáiste an 1 Feabhra 2005 nó ina dhiaidh sin. In 2009, achtaíodh reachtaíocht áirithe (féach tuilleadh mionsonraí thíos) le soláthar a dhéanamh do shócmhainní na scéime seo a aistriú chuig Cúlchiste Náisiúnta Pinsin an Stáit, agus le go dtabharfadh an Stát ráthaíocht go n-íocfadh sé teidlíochtaí pinsin comhaltaí ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Cuireadh teorainn de 15% den tuarastal inphinsin ar ranníocaíocht an Choláiste de bharr srianadh ar leibhéal ráta ranníocaíochta an Choláiste a chuir an HEA i bhfeidhm.

*Scéim Shamplach*

Bunaíodh an Scéim Shamplach in 2005, tar éis faomhadh a fháil ón Roinn Airgeadais agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Cé go bhfeidhmíonn an scéim faoi shraith rialacha aontaithe, níor cuireadh bunú na scéime ar bhonn foirmiúil faoi reacht nó faoi théarmaí Ghníomhais Iontaobhais. Tá d'oibleagáid ar an gColáiste, áfach, ag an HEA sochair phinsin a sholáthar faoi rialacha na scéime do dhaoine nua ar an bhfoireann a cheaptar ó 1 Feabhra 2005. Is socrú pinsin sochair shainithe neamh-mhaoinithe é seo a íoctar ar bhonn íoc mar a thuilltear ó chroí-mhaoiniú an Choláiste.

*Forlíonadh Pinsin*

Baineann seo le méaduithe pinsin iarscoir do gach ball foirne nach maoinítear iad agus a íoctar ar bhonn íoc mar a thuilltear ó chroí-dheontas atarlaithe an Choláiste ón HEA.

*Athruithe bunúsacha ar shocruithe pinsin*

Tugadh comhrá leantach thar roinnt blianta idir na hOllscoileanna, an HEA agus an Rialtas i ndáil le socruithe pinsin athbhreithnithe san fhadtéarma a eascraíonn as an staid easnaimh i roinnt scéimeanna pinsin de chuid na hOllscoile chun críche in 2009 agus tugadh athruithe reachtúla móra isteach i bhfoirm an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009.

Achtaíodh an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 an 26 Meitheamh 2009 agus áiríodh ann, i ndáil le Máistirscéim Pinsin an Choláiste, soláthairtí áirithe, tar éis Ordú Aistrithe ón Aire Airgeadais agus ón Aire Oideachais, le haghaidh sócmhainní na Máistirscéime Pinsin a aistriú chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin agus le haghaidh íocaíocht leanúnach sochar a bhí le híoc cheana ón Máistirscéim Pinsin.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

### 29 Sochair Scoir *(ar lean)*

**b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe (ar lean)**

***i) Cúlra (ar lean)***

Cuireadh an t-ordú aistrithe don Mháistirscéim Pinsin i gcrích an 31 Nollaig 2009 agus mar a foráladh sa reachtaíocht:

- cuireadh deireadh leis an iontaobhas a bhí ann agus tháinig deireadh le héifeacht an ghníomhais
- aistríodh na sócmhainní pinsin go léir go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin;
- leanann an Coláiste agus gach comhalta ar aghaidh ag déanamh ranníocaíochtaí ag an ráta céanna agus a rinne siad cheana, agus déantar na ranníocaíochtaí sin a íoc isteach nó a dhiúscairt chun leasa an Státchiste tá an oibleagáid maidir le sochair a íoc de réir na scéime pinsin fós mar oibleagáid ar an gColáiste i ndáil leis an scéim;
- sa chás nach mbeidh comhiomlán ranníocaíochtaí na gcomhaltaí agus na bhfostóirí, idir íoctha agus coinnithe siar mar a luaitear thuas, leordhóthanach le freastal ar oibleagáidí an Choláiste na sochair sin a íoc de réir na Scéime, déanfaidh an tAire Airgeadais cúiteamh ar an easnamh trí íocaíochtaí leis an gColáiste ó chistí arna gcur ar fáil ag an Oireachtas chun na críche sin. Mar sin, beidh íocaíochtaí oibleagáidí pinsin na Máistirscéime Pinsin faoi ráthaíocht an Stáit agus íocfar iad ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Is é tuairim an Choláiste gurbh ionann cainteanna a tionóladh idir an earnáil, an HEA agus an rialtas sular tugadh an reachtaíocht chumasúcháin isteach agus dearbhuithe go dtabharfadh an Stát ráthaíocht faoi gach dliteanais pinsin de chuid an Choláiste, i.e. na dliteanais sin a bhaineann leis an Máistirscéim Pinsin agus le socruithe pinsin shochair shainithe eile atá ar bun ag an gColáiste.

Cé go mbaineann an reachtaíocht thuas a achtaíodh i rith 2009 go sonrach leis an Máistirscéim Pinsin, cuireadh comhairle ar an gColáiste go mbeadh an Stát ag freastal ar dhliteanais phinsin amach anseo don Scéim Shamplach agus don Forlíonadh Pinsin ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Mar thoradh air sin rinne an Coláiste an glan-easnamh sna scéimeanna pinsin shochair shainithe a fhritháireamh go hiomlán, le sócmhainn infhaighte pinsin dlite ón Stát á haithint ar an gclár comhardaithe atá comhionann leis an nglan-dliteanas pinsin.

***ii) Achoimre ar an staid ag deireadh na bliana***

| | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| **Comhdhlúite agus Coláiste** | | **€'000** | **€'000** |
| Dliteanas pinsin – FRS 17 | Cuid (iii) thíos | (895,407) | (960,906) |
| Pinsean infhaighte | Cuid (iv) thíos | 895,407 | 960,906 |
| | | - | - |

| *Anailís ar dhliteanas pinsin – FRS 17* | 2011 | 2010 Athshonraithe |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Máistirscéim Pinsin | (602,790) | (638,209) |
| Scéim Shamplach agus Forlíonadh Pinsin | (292,617) | (322,697) |
| **Luach reatha na n-oibleagáidí maoinithe** | (895,407) | (960,906) |

Rinneadh comparáidí na bliana roimhe seo maidir le deighilt na n-oibleagáidí pinsin idir an Máistirscéim Pinsean, an Scéim Shamplach & an Forlíonadh Pinsin a athshonrú tar éis eolas nua a fuarthas in 2012 ó Chomhairleoirí Gnóthachain an Choláiste.

Áirítear leis na comparáidí athshonraithe anois liúntas d'arduithe do chomhaltaí na Máistirscéime Pinsin laistigh den Fhorlíonadh Pinsin seachas dliteanais na Máistirscéime Pinsin. Tagann seo le deighilt na n-oibleagáidí pinsin a léirítear thuas do 2012.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

### 29 Sochair Scoir *(ar lean)*

**b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe (ar lean)**

*Glan-dliteanas pinsin – FRS 17*

Tá luacháil oibleagáidí na Máistirscéime Pinsin, agus oibleagáidí sochair shainithe eile (An Scéim Shamplach agus Forlíonadh Pinsin) chun críche nochtuithe FRS 17 déanta ag achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil amhail dátá an chláir chomhardaithe.

Mar seo a leanas a bhí na boinn tuisceana a d'úsáid na hachtúirí chun na dliteanais a luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2011 agus an 30 Meán Fómhair 2010:

| Boinn tuisceana airgeadais | 30 Meán Fómhair 2011 | 30 Meán Fómhair 2010 |
|---|---|---|
| Modh Luachála | Aonad Fortheilgthe | Aonad Fortheilgthe |
| Ráta lascaine | 5.25% | 4.8% |
| Ráta boilscithe | 2.0% | 2.0% |
| Arduithe ar thuarastal | 3.5% | 3.5% |
| Forlíonadh pinsin | 2.5% | 2.5% |

Tá an ráta lascaine 5.25% bunaithe ar Bhannaí Corparáide Rátáilte AA fad a mhairfidh dliteanais na scéime.

Tá na boinn tuisceana a bhaineann le fad saoil atá mar bhonn taca do na dliteanais phinsin ag dáta an chláir chomhardaithe bunaithe ar thábIaí básmhaireachta achtúireacha caighdeánacha agus ceadaíonn siad d'fheabhsúcháin ar fhad saoil amach anseo. Is ionann na boinn tuisceana agus a bheith ag súil go mairfidh duine 65 bliain d'aois roinnt blianta mar seo a leanas:

| Básmhaireacht | 30 Meán Fómhair 2011 | 30 Meán Fómhair 2010 |
|---|---|---|
| Comhalta 65 bliain d'aois (ionchas saoil faoi láthair) | 23.0 | 22.8 |
| Comhalta 40 bliain d'aois (ionchas saoil ag 65 bliain d'aois) | 26.2 | 26.1 |

| Athrú ar oibleagáidí sochair | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair ag tús na bliana | 960,906 | 770,987 |
| Costas seirbhíse | 32,651 | 24,709 |
| Costas Úis | 47,092 | 47,014 |
| Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean | 2,633 | 2,749 |
| (Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha | (118,185) | 144,546 |
| Sochair íoctha | (29,167) | (28,449) |
| Costais íoctha | (523) | (650) |
| **Oibleagáidí sochair ag deireadh na bliana** | 895,407 | 960,906 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

### 29 Sochair Scoir *(ar lean)*

**b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe (ar lean)**

*iii) Glan-dliteanas pinsin – FRS 17 (ar lean)*

| Athrú ar shócmhainní an phlean | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana | - | 273,633 |
| Aischur ionchais ar shócmhainní an phlean | - | 4,690 |
| Gnóthachain achtúireacha | - | 3,724 |
| Ranníocaíochtaí ón bhfostóir | - | 6,204 |
| Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí | - | 747 |
| Sochair íoctha ón bplean | - | (9,313) |
| Costais íoctha | - | (352) |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin agus infhaighte ón Stát | - | (279,333) |
| **Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana** | - | - |

B'ionann ranníocaíochtaí an fhostóra don bhliain airgeadais 2012 agus €21.7m. B'ionann ranníocaíochtaí an fhostóra don bhliain airgeadais 2011agus €21.0m (féach cuid (iv)).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

## 29 Sochair Scoir *(ar lean)* Nótaí

**b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe (ar lean)**

*iii) Glan-dliteanas pinsin – FRS 17 (ar lean)*

| **Costas aitheanta sa chuntas ioncaim agus caiteachais roimh ghluaiseacht ar phinsean infhaighte** | | **2011 €'000** | **2010 €'000** |
|---|---|---|---|
| **Anailís ar an méid arna ghearradh ar chostais foirne eile** | | | |
| Aischur ionchais ar shócmhainní pinsin | | - | (4,690) |
| Ús ar dhliteanais phinsin | | 47,092 | 47,014 |
| | 5 | 47,092 | 42,324 |
| **Anailís ar an méid arna ghearradh ar chostais foirne** | | | |
| Costas seirbhíse reatha | | 32,651 | 24,709 |
| | 6 | 32,651 | 24,709 |
| **Costas pinsin iomlán aitheanta sa chuntas ioncaim agus caiteachais roimh ghluaiseacht ar phinsean infhaighte** | | 79,743 | 67,033 |

| **Méid carnach gnóthachan achtúireach a aithnítear láithreach roimh ghluaiseacht ar phinsean infhaighte** | **2011 €'000** | **2010 €'000** |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 11,733 | 152,555 |
| **An méid aitheanta sa ráiteas comhdhlúite ar ghnóthachain/(caillteanais) aitheanta iomlána** | | |
| Aischur iarbhír lúide aischur ionchais ar shócmhainní | - | 3,724 |
| Caillteanais thaithí ar dhliteanais | (43,704) | (48,260) |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana | 161,889 | (96,286) |
| **Gnóthachain/(Caillteanas) aitheanta san STRGL roimh ghluaiseacht ar phinsean infhaighte** | 118,185 | (140,822) |
| **Ag deireadh na bliana** | 129,918 | 11,733 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

### 29 Sochair Scoir *(ar lean)*

**b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe (ar lean)**

*iii) Glan-dliteanas pinsin – FRS 17 (ar lean)*

| Stair ghnóthachain agus chaillteanais ó thaithí | 2011 €'000 | 2010 €'000 | 2009 €'000 | 2008 €'000 | 2007 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Difríocht idir aischur iarbhír agus aischur ionchais ar shócmhainní na scéime | n/a | 3,724 | (37,380) | (99,341) | 8,220 |
| Céatadán shócmhainní na scéime (luach cóir) | n/a | n/a | (13.7%) | (34.0%) | 2.2% |
| Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime | 43,704 | (48,260) | 11,876 | (1,885) | (76,215) |
| Céatadán de dhliteanais scéime (luach reatha) | 4.9% | (5.0%) | 1.5% | (0.2%) | (9.0%) |
| Gnóthachain agus caillteanais achtúireacha iomlána | 118,185 | (140,822) | 65,145 | (7,442) | 23,264 |
| Céatadán de dhliteanais scéime (luach reatha) | 13.2% | (14.7%) | 8.4% | (0.9%) | 2.7% |

| Stair easnaimh na scéime | 2011 €'000 | 2010 €'000 | 2009 €'000 | 2008 €'000 | 2007 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach cóir shócmhainní na scéime | - | - | 273,633 | 291,856 | 365,644 |
| Luach reatha dhliteanais na scéime | (895,407) | (960,906) | (770,987) | (817,109) | (851,159) |
| Easnamh i scéimeanna | (895,407) | (960,906) | (497,354) | (525,253) | (485,515) |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE- AR LEAN

| 29 Sochair Scoir *(ar lean)* | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|

**b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe (ar lean)**

*iv) Pinsean infhaighte – dlite ón Stát*

| | | |
|---|---|---|
| Pinsean infhaighte ag tús na bliana | 960,906 | 497,354 |
| Gluaiseacht san áireamh in ioncam airgeadais eile – Nóta 5 | 47,092 | 42,324 |
| Gluaiseacht san áireamh i gcostais foirne – Nóta 6 | 11,645 | 5,189 |
| Gluaiseacht san áireamh sa ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána: | (118,185) | 140,822 |
| Aistriú ó shócmhainní na Máistirscéime Pinsin (féach Nóta 29 (b) (iii)) | - | 279,333 |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra (tar éis 31 Nollaig 2009) | 21,006 | 13,316 |
| Ranníocaíochtaí an chomhalta (tar éis 31 Nollaig 2009) | 2,633 | 2,002 |
| Sochair íoctha ón bplean (tar éis 31 Nollaig 2009) | (29,167) | (19,136) |
| Costais íoctha (tar éis 31 Nollaig 2009) | (523) | (298) |
| **Pinsean infhaighte ag deireadh na bliana** | 895,407 | 960,906 |

Tá luach sócmhainní na Máistirscéime Pinsin a aistrítear chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin in-aisghabhála mar gheall ar ráthaíocht an Stáit (féach Nóta 29 (b) (i)).

## 30 Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

Níor tharla aon imeachtaí móra tar éis dháta an chláir chomhardaithe ó tháinig deireadh leis an mbliain an 30 Meán Fómhair 2011 a éilíonn coigeartú ar na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite nó a éilíonn nóta a chur leo.

## 31 Na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite a Cheadú

Cheadaigh Bord an Choláiste na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite an 26 Meitheamh 2013.

# OLLSCOIL ÁTHA CLIATH

## Coláiste na Tríonóide

# SLIOCHT AS NA RÁITIS MHAOINITHE

## DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

*Ráitis Mhaoiniúcháin*

Léiríonn na Ráitis Mhaoinithe gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus gníomhaíochtaí gaolmhara Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide ("Coláiste na Tríonóide"). Déantar Ráitis Airgeadais do Chistí Pinsin Choláiste na Tríonóide, do Chistí Iontaobhais Choláiste na Tríonóide agus do ghníomhaíochtaí coimhdeacha a bhíonn neamhspleách ó thaobh airgid de, a ullmhú ar bhonn bliantúil agus a iniúchadh astu féin.

*Accounting Convention*

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, arna mionathrú chun athluacháil talún agus foirgneamh a chur san áireamh. Cuirtear i láthair iad de réir an chomhaontaithe reatha Armónú Cuntas arna ghlacadh ag gach Ollscoil Éireannach.

Níl an comhaontú Armónú Cuntas ag teacht le prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta (GAAP). Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2011 ar bhonn comhdhlúite agus de réir caighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus de réir Ráiteas Cleachtais Mholta ('SORP') - Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2007) arna eisiúint ag Bord SORP HE/FE sa RA seachas cistí dearlaice nach bhfuil faoi rialú an Choláiste. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráiteas airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsiú ag an Institiúid Cuntasóirí Cairte agus arna eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.

*Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe*

Tá Deontais Stáit do chaiteachas atarlaithe san áireamh sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhruithe. Déantar deontais atarlaithe a mheaitseáil leis an gcaiteachas dá bhfuil siad beartaithe a mhaoiniú. Tá Deontais Forlíontacha Stáit do chaiteachas atarlaithe san áireamh sna Ráitis Mhaoinithe sa tréimhse ina bhfaightear iad.

*Deontais Stáit do Chaiteachas Caipitil*

Tá Deontais Stáit do chaiteachas atarlaithe san áireamh sna Ráitis Mhaoinithe sa tréimhse ina bhfaightear an t-airgead.

*Ioncam ó Tháillí*

Déantar ioncam ó tháillí a chuntasú ar bhonn fabhraithe agus tuairiscítear é ag leibhéil táillí an AE. Áirítear ioncam ó tháillí Liachta agus Déidliachta Neamh-AE suas go dtí leibhéal an AE agus tuairiscítear aon ní breise (suas go dtí an Costas Aonaid gaolmhar is déanaí) faoi ioncam ilghnéitheach. Is éard atá sa Chostas Aonaid an meánchostas aonaid in aghaidh an mhic léinn i ngach grúpa ábhair ar feadh na hEarnála Ollscoile, mar a chuirtear in iúl ag an HEA.

Áirítear aon ní breise os cionn an Chostais Aonaid ghaolmhair is déanaí i gcuntais na Scoileanna.

*Leithroinntí Ceadaithe*

Ullmhaítear an cuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn fabhraithe leis na heisceachtaí seo a leanas:

i) caiteachas neamh-phá de chuid Dámha Acadúla agus ranna seirbhísí áirithe;

ii) trealamh atarlaithe agus mionoibreacha.

Sna cásanna seo, áirítear caiteachas ar bhonn leithroinntí ceadaithe agus tugtar iarmhéideanna inmheánacha chun cinn sa Chlár Comhardaithe faoi shócmhainní nó dliteanais reatha, de réir mar is cuí.

*Sócmhainní Seasta agus Dímheas*

*(a) Talamh agus Foirgnimh*

Déantar foirgnimh an Choláiste a luacháil ar bhonn úsáid reatha. Rinneadh an talamh a luacháil ag €126,974 in aghaidh an acra agus rinneadh na foirgnimh a luacháil ag an gcostas caighdeánach €2,413 in aghaidh gach méadair chearnaigh. Rinne Bord an Choláiste athluacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh i 1998.

Ní dhímheastar talamh ruílse. Dímheastar foirgnimh ruílse ar bhonn na líne dírí thar a saol eacnamaíoch úsáideach measta don Choláiste in imeacht 50 bliain.

Nuair a fhaightear talamh agus foirgnimh le cabhair ó dheontais shainiúla déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas mar atá thuas.

Déantar costais airgeadais, a bhíonn inchurtha go díreach le fáil talún agus le tógáil foirgneamh, a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin.

Déantar athbhreithniú ar lagú sócmhainne seasta má léiríonn imeachtaí nó athruithe in imthosca go bhféadfadh sé tarlú nach mbeadh méid carraeireachta na sócmhainne seasta in-aisghabhála.

Déantar foirgnimh faoi thógáil a chuntasú ag costas, bunaithe ar luach theastas na n-ailtirí agus costais dhíreacha eile a thabhaítear chuig deireadh na bliana airgeadais. Ní dhímheastar iad go dtí go dtosaítear á n-úsáid.

Bhreithnigh an Coláiste feidhmiú an FRS 5: "Substaint na nIdirbheart a Thuairisciú" maidir le sócmhainní áirithe a mbaineann an Coláiste úsáid astu

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean..)

*(a) Talamh agus foirgnimh – ar lean*
sa chás nach léireodh foirm dhlíthiúil an idirbhirt nach faoi úinéireacht an Choláiste a bhí na sócmhainní go léir nó cuid acu. Léiríodh substaint airgeadais na nIdirbheart ar fad sna Ráitis Mhaoinithe agus dá réir sin tá luach iomlán na sócmhainní sin san áireamh sna sócmhainní seasta.

*(b) Trealamh*
Ní dhéantar trealamh lena mbaineann costas níos lú ná €10,000 a chaipitliú. Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ag costas. Dímheastar trealamh caipitilithe thar a saol eacnamaíoch úsáideach ar bhonn na líne dírí mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Sócmhainní a fháil ar léas | 20 bliain nó príomhthréimhse léasa, más níos giorra |
| Trealamh ríomhaireachta | 3 bliain |
| Troscán | 10 mbliana |
| Trealamh | 5 bliana |

Sa chás go bhfaightear trealamh le cúnamh ó dheontais faoi leith, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuasluaite.

*Sócmhainní ar Léas*
Caitear le comhaontuithe léasaithe a aistríonn na sochair agus na rioscaí ar fad a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne chuig an gColáiste mar shócmhainn a ceannaíodh amach ar fad. Bíonn na sócmhainní sin san áireamh sna sócmhainní seasta agus léirítear an ghné chaipitil de na tiomantais léasaithe mar oibleagáidí faoi léasanna airgeadais. Dímheastar sócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais thar an téarma ar léas nó thar shaol úsáideach eacnamaíoch shócmhainní comhionanna, cibé acu is lú.
Gearrtar costais chíosa faoi léasanna oibríochta do chaiteachas i méideanna comhionann bliantúla thar thréimhse an léasa.

*Maoine Infheistíochta*
Luaitear maoin infheistíochta ar luach an mhargaidh oscailte, de réir SSAP 19. Déanann luachálaithe gairmiúla neamhspleácha tríú páirtí nó an Coláiste athluacháil ar mhaoin infheistíochta gach bliain agus ní dhéantar í a dhímheas nó a amúchadh. Léirítear gach gluaiseacht i luach sa chúlchiste ginearálta.

*Deontais agus Tionscadail Thaighde*
Léirítear caiteachas taighde conartha glan ó chostais indíreacha lárseirbhísí a bhaineann le taighde. Áirítear ioncam ó dheontais thaighde ar conradh sa chuntas Léirítear costas neamhdhíreacha seirbhísí lárnacha a bhaineann le taighde laistigh de na catagóirí costas eile agus tá an ranníocaíocht i leith na gcostas seo curtha faoi ioncam eile.

Déantar sócmhainní seasta arna maoiniú ó dheontais thaighde ar conradh a chaipitliú sa chlár comhardaithe.

*Cistí Airgid agus Leachtacha*
Chun críocha an ráitis ar an sreabhadh airgid, áirítear ar acmhainní leachtacha cuntais taisce a bhfuil tréimhsí fógartha níos mó ná lá amháin acu agus infheistíochtaí sócmhainní reatha arna sealbhú mar stór luacha is féidir a dhiúscairt go héasca. Airgead ar láimh agus taiscí atá inaisíoctha ar éileamh atá san airgead tirim.

*Airgeadra Coigríche*
Déantar idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche a aistriú ag na rátaí malartaithe ar na dátaí sin a tharla na hidirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche go Euro ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm amhail an dáta ar an gclár comhardaithe. Déileáiltear leis na brábúis nó caillteanais a bhíonn mar thoradh orthu sin sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

*Stoic*
Luaitear stoic ag a gcostas nó ag a nglan-luach inréadaithe, cibé acu is lú. Nuair is gá leis, déantar soláthar do stoc críon, a bhíonn ag gluaiseacht go mall nó a bhíonn lochtach. Gearrtar caiteachas a thabhaíonn an Coláiste ar leabhair agus ar stoic inchaite ó dheontais atarlaithe chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

*Cánachas*
Níl aon soláthar déanta do chánachas mar go bhfuil stádas díolúinte cánach ag an Ollscoil.

*Sochair Scoir*
Baineann Máistir-Scéim Pinsean le gach ball foirne nua a ceapadh roimh 1 Eanáir 2005 agus feidhmítear í ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Baineann Scéim Shamplach Pinsin le gach ball foirne nua a cheaptar ón 1 Eanáir 2005 agus feidhmítear í ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Déanann an Coláiste costais phinsin a chuntasú ar bhonn an chostais ábhartha a bhaineann le pinsin a sholáthar a ghearradh thar na tréimhse ina mbaineann an Coláiste leas as seirbhísí an fhostaí, suas go dtí an uas-rannaíocaíocht ceadaithe ag an HEA.

*Cúlchiste Ginearálta*
Léiríonn an Cúlchiste Ginearálta luach an mhaoinithe a fheidhmítear chun críocha caipitil mar aon leis an iarmhéid ar ghníomhaíochtaí seirbhísí coimhdeacha. Léirítear na hathruithe uile i luachanna sócmhainní seasta agus deontais ghaolmhara sa chúlchiste ginearálta.

*Seirbhísí Coimhdeacha*
Is éard atá i seirbhísí coimhdeacha seirbhísí a chuirtear ar fáil ar an gcampas, ar bhonn aisghabhála costais. Úsáidtear aon bharrachas ar na seirbhísí sin chun obair fhorbartha a dhéanfar amach anseo a mhaoiniú. Aistrítear an glan-aschur ar ghníomhaíochtaí mar sin chuig an gcúlchiste ginearálta.

## An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
*Don Bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011*

| | Nótaí | 2011 €'000 | *Athshonraithe 2010 €'000* |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Stáit | 1 | 71,243 | *73,931* |
| Táillí Mac Léinn | 2 | 99,445 | *98,672* |
| Ioncam Eile | 3 | 20,933 | *22,166* |
| | | 191,621 | *194,769* |
| Deontais agus Tionscadail Thaighde | 4 | 75,109 | *81,977* |
| Iomlán | | 266,730 | *276,746* |
| **Caiteachas** | | | |
| Dámha Acadúla | 5 | 105,387 | *109,481* |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 6 | 20,688 | *21,301* |
| Áitreabh | 7 | 25,367 | *26,061* |
| Méid Leithroinnte chun críocha Caipitil | 8 | 735 | *1,000* |
| Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha | 9 | 14,888 | *14,737* |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 10 | 9,141 | *9,186* |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | 11 | 5,352 | *5,311* |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 12 | 9,959 | *10,075* |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 13 | 191,517 | *197,152* |
| Deontais agus Tionscadail Thaighde | 13 | 75,109 | *79,415* |
| Iomlán | 13 | 266,626 | *276,567* |
| Barrachas ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh Chúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímheas Sócmhainní Seasta | | 104 | *179* |
| Barrachas ar Sheirbhísí Coimhdeacha* | 14 | 320 | *193* |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 15 | (27,269) | *(28,877)* |
| Aistriú ón gCúlchiste Ginearálta* | 16 | 26,949 | *28,684* |
| Glanbharrachas don bhliain | 24 | 104 | *179* |

*Is ionann athrangú na bliana roimhe sin agus €1.14m (chun tuilleadh sonraí a fháil féach nótaí 14 agus 16).

Tá an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta (leathanaigh 39 go 40) agus na Nótaí leis an Sliocht as na Ráitis Mhaoinithe (leathanaigh 43 go 51) mar chuid den Sliocht seo as na Ráitis Mhaoinithe.

Patrick Prendergast
**AN PROPAST**

Ian Mathews
**AN CISTEOIR**

## *Clár Comhardaithe*
## *Amhail an 30 Meán Fómhair 2011*

| | Nótaí | 2011<br>€'000 | Athshonraithe<br>2010<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 17 | 776,978 | *792,230** |
| Maoine infheistíochta | 18 | 54,245 | *17,891** |
| | | 831,223 | *810,121* |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Iarmhéideanna bainc agus airgid | | 198,858 | *160,620* |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 19 | 51,177 | *47,443* |
| Stoic | | 406 | *372* |
| | | 250,441 | *208,435* |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe agus caiteachas fabhruithe | 20 | (238,904) | *(205,450)* |
| Iarmhéideanna bainc | | (370) | *(4,365)* |
| | | (239,274) | *(209,815)* |
| **Glan-Sócmhainní/(Dliteanais) Reatha** | | 11,167 | *(1,380)* |
| **Dliteanais Fadtéarmacha** | | | |
| Creidiúnaithe dlite tar éis bliana amháin | 22 | (137,727) | *(121,663)* |
| | | 704,663 | *687,078* |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| Cúlchiste Ginearálta | 23 | 704,411 | *686,930* |
| Cúlchiste ioncaim | 24 | 252 | *148* |
| | | 704,663 | *687,078* |

*Mheas athbhreithniú sonrach ar fhoirgnimh go mbeadh sé níos cuí maoine áirithe a léiriú mar mhaoine infheistíochta seachas sócmhainní inláimhsithe. Bhí athrangú €1.4m ar glanluach leabhair mar thoradh air sin (féach nótaí 17 agus 18) amhail 30 Meán Fómhair 2010.

Tá an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta (leathanaigh 39 go 40) agus na Nótaí leis an Sliocht as na Ráitis Mhaoinithe (leathanaigh 43 go 51) mar chuid den Sliocht seo as na Ráitis Mhaoinithe.

Patrick Prendergast
**AN PROPAST**

Ian Mathews
**AN CISTEOIR**

## Nótaí leis an Sliocht as na Ráitis Mhaoinithe

| | | 2011 €'000 | *2010 €'000* |
|---|---|---|---|
| **1.** | **Deontais Stáit** | | |
| | Deontas Atarlaithe | 64,659 | *65,691* |
| | Altranas | 4,292 | *5,447* |
| | Maoiniú saindírithe do thionscnaimh speisialta | 322 | *682* |
| | Ciste nuála straitéiseach | 1,800 | *1,926* |
| | Mionoibreacha | 170 | *185* |
| | | 71,243 | *73,931* |
| **2.** | **Táillí Mac Léinn** | | |
| | Acadúil | 97,872 | *97,840* |
| | Ioncam ó tháillí ilghnéitheacha | 1,573 | *832* |
| | | 99,445 | *98,672* |

Íocadh iomlán de €46,695,357 (2010: €40,656,996) a áiríodh san ioncam ó tháillí acadúla go díreach ag an Údarás um Ard-Oideachas. Áirítear air seo €4,978,128 a íocann an HEA anois (comhionann le €4,728,661 in 2010 a d'íoc Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte).

| | | 2011 €'000 | *2010 €'000* |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Ioncam Eile** | | |
| | Ús infhaighte (glan) | 3,715 | *4,542* |
| | Poist agus deonacháin mhaoinithe | 2,290 | *1,446* |
| | Deontais taighde agus ranníocaíocht tionscadal | 6,803 | *8,165* |
| | Táillí neamh-AE | 4,851 | *4,521* |
| | Ioncam Ilghnéitheach | 3,274 | *3,492* |
| | | 20,933 | *22,166* |
| **4.** | **Deontais agus Tionscadail Thaighde** | | |
| | An Státchiste | 55,507 | *58,999* |
| | Neamh-Státchiste | 19,602 | *22,978* |
| | Deontais Taighde | 75,109 | *81,977* |

| | Costais Foirne* €'000 | Neamhphá €'000 | 2011 Iomlán €'000 | *2010 Iomlán €'000* |
|---|---|---|---|---|
| **5. Dámha Acadúla*** | | | | |
| Acadúil | 75,629 | - | 75,629 | *76,579* |
| Teicniúil | 9,354 | - | 9,354 | *9,503* |
| Tacaíocht riaracháin | 9,231 | - | 9,231 | *9,397* |
| Deontais Dáimhe agus Scoile | - | 10,699 | 10,699 | *13,583* |
| Ilghnéitheach | - | 474 | 474 | *419* |
| | 94,214 | 11,173 | 105,387 | *109,481* |
| **6. Seirbhísí Acadúla agus Eile*** | | | | |
| Leabharlann | 7,393 | 2,266 | 9,659 | *10,216* |
| Seirbhísí córas faisnéise | 4,619 | 3,336 | 7,955 | *7,851* |
| Aonad bithacmhainní | 621 | 295 | 916 | *992* |
| Ionad do mhicreascópacht agus d'anailís | 236 | 96 | 332 | *330* |
| Seirbhísí nuála | 762 | 1,064 | 1,826 | *1,912* |
| | 13,631 | 7,057 | 20,688 | *21,301* |
| **7. Áitreabh*** | | | | |
| Cothabháil áitribh | 3,007 | 3,880 | 6,887 | *6,575* |
| Seirbhísí ginearálta | 9,280 | 2,605 | 11,885 | *13,192* |
| Mionoibreacha | - | 167 | 167 | *180* |
| Cíos agus rátaí | - | 124 | 124 | *154* |
| Árachas | - | 950 | 950 | *989* |
| Fuinneamh | 43 | 5,311 | 5,354 | *4,971* |
| | 12,330 | 13,037 | 25,367 | *26,061* |
| **8. Méid Leithroinnte chun críocha Caipitil** | | | | |
| Tionscadail chaipitil | - | 735 | 735 | *1,000* |

## Nótaí leis an Sliocht as na Ráitis Mhaoinithe (ar lean)

| | Costais Foirne* €'000 | Neamhphá €'000 | 2011 Iomlán €'000 | *2010 Iomlán €'000* |
|---|---|---|---|---|
| **9. Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha*** | | | | |
| Riarachán | 9,984 | - | 9,984 | *10,226* |
| Costais | - | 2,757 | 2,757 | *3,093* |
| Muirir ghairmiúla | - | 1,511 | 1,511 | *855* |
| Ilghnéitheach | - | 636 | 636 | *563* |
| | 9,984 | 4,904 | 14,888 | *14,737* |
| **10. Caiteachas Oideachais Ginearálta*** | | | | |
| Costais scrúduithe | 60 | 848 | 908 | *919* |
| Scoláireachtaí, duaiseanna agus comhaltachtaí | - | 5,918 | 5,918 | *5,931* |
| Costais ilghnéitheacha | - | 2,315 | 2,315 | *2,336* |
| | 60 | 9,081 | 9,141 | *9,186* |
| **11. Seirbhísí do Mhic Léinn*** | | | | |
| Deontais chaipitíochta | - | 1,171 | 1,171 | *1,171* |
| Seirbhísí do mhic léinn | 878 | 760 | 1,638 | *1,450* |
| Seirbhís ghairmthreorach | 689 | 41 | 730 | *727* |
| Spórt agus Caitheamh Aimsire | 253 | - | 253 | *293* |
| Sláinte agus comhairleoireacht | 1,473 | 87 | 1,560 | *1,670* |
| | 3,293 | 2,059 | 5,352 | *5,311* |
| **12. Caiteachas Ilghnéitheach*** | | | | |
| Forlíonadh pinsin | 7,654 | - | 7,654 | *8,317* |
| Costais ilghnéitheacha | 130 | 2,175 | 2,305 | *1,758* |
| | 7,784 | 2,175 | 9,959 | *10,075* |
| **13. Caiteachas Iomlán*** | | | | |
| Seirbhísí acadúla agus gaolmhara | 141,296 | 50,221 | 191,517 | *197,152* |
| Deontais agus tionscadail thaighde | 45,303 | 29,806 | 75,109 | *79,415* |
| | 186,599 | 80,027 | 266,626 | *276,567* |

* Luadh caiteachas iomlán in 2010 glan ar aisiompú fabhruithe na bliana roimhe do phinsin neamh-mhaoinithe de shuim €3.8m

## Nótaí leis an Sliocht as na Ráitis Mhaoinithe (ar lean..)

| 14. Barrachas ar Sheirbhísí Coimhdeacha | Ioncam €'000 | Caiteachas/Leith roinnt €'000 | Barrachas/ (Easnamh) 2011 €'000 | *Athshonraithe Barrachas/ (Easnamh) 2010 €'000* |
|---|---|---|---|---|
| Lónadóireacht | 4,044 | 3,847 | 197 | *133* |
| Áitribh/Comhdhálacha* | 10,587 | 10,529 | 58 | *187* |
| Siopa na Leabharlainne | 2,467 | 2,467 | - | - |
| Lárionad Fiontraíochta | 1,422 | 1,342 | 80 | - |
| Seirbhís cóipeála | 31 | 47 | (16) | *(10)* |
| Naíolann lae | 542 | 577 | (35) | *(48)* |
| Diagnóisic | 468 | 521 | (53) | *(100)* |
| Fáltais cuideachta agus cuntas dleachtanna an Choláiste | 90 | - | 90 | *32* |
| Eile | - | 1 | (1) | *(1)* |
| | 19,651 | 19,331 | 320 | *193* |

* Áirítear €1.74m le caiteachas ar áitribh/ar chomhdhálacha a rinneadh a aistriú chuig tionscadail caipitil chónaitheacha chun caiteachas caipitil a aisíoc i rith na bliana. Mar thoradh air sin rinneadh athrangú €1.14m ar mhaithe le leanúnachas, idir an barrachas ar áitribh/comhdhálacha (a rinneadh a shonrú roimhe seo ag €1.34m) agus freisin rinneadh an cúlchiste ginearálta a ais

| 15. Dímheas Sócmhainní Seasta | 2011 €'000 | *2010 €'000* |
|---|---|---|
| Talamh agus Foirgnimh | 16,702 | *16,473* |
| Trealamh | 10,567 | *12,404* |
| | 27,269 | *28,877* |

| 16. Aistriú Chúlchiste Ginearálta (Féach Nóta 23) | *2011 €'000* | *Athshonraithe 2010 €'000* |
|---|---|---|
| Amúchadh ag teacht le dímheas (Nóta 15) | 27,269 | *28,877* |
| Barrachas ar Sheirbhísí Coimhdeacha Ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Chuig an gCúlchiste Ginearálta (Nóta 14)^ | (320) | *(193)* |
| | 26,949 | *28,684* |

^ Féach nóta 14 chun mionsonraí a fháil maidir le hathrangú ón mbliain roimhe seo de €1.14m

## Nótaí leis an Sliocht as na Ráitis Mhaoinithe (ar lean..)

| 17. Sócmhainní Seasta | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| Costas/Luacháil amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010 | | | |
| Luacháil* | 425,299 | 5,452 | 430,751 |
| Costas | 486,194 | 152,238 | 638,432 |
| Iomlán | 911,493 | 157,690 | 1,069,183 |
| Breiseanna ag Costas | 45,788 | 5,511 | 51,299 |
| Athrangú chuig maoine infheistíochta (Nóta 18) | (39,252) | - | (39,252) |
| Diúscairtí | - | (1,714) | (1,714) |
| Costas/Luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2011 | | | |
| Luacháil | 425,299 | 5,452 | 430,751 |
| Costas | 492,730 | 156,035 | 648,765 |
| Iomlán | 918,029 | 161,487 | 1,079,516 |
| Dímheas | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010* | 146,570 | 130,383 | 276,953 |
| Lúide Dímheas Carntha ar: | | | |
| Diúscairtí | - | (1,684) | (1,684) |
| Dímheas don Bhliain | 16,702 | 10,567 | 27,269 |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2011 | 163,272 | 139,266 | 302,538 |
| Glan-Luach Leabhair amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010* | 764,923 | 27,307 | 792,230 |
| Glan-Luach Leabhair amhail an 1 Meán Fómhair 2011 | 754,757 | 22,221 | 776,978 |

*Mheas athbhreithniú sonrach ar fhoirgnimh go mbeadh sé níos cuí 3&4 Sráid Laighean Theas agus 18/19 Plás Lincoln a léiriú mar mhaoine infheistíochta seachas sócmhainní inláimhsithe. Bhí athrangú €1.4m ar ghlanluach leabhair mar thoradh air sin (féach nóta 18 agus an Clár Comhardaithe leathanach 7) amhail 30 Meán Fómhair 2010.
Rinneadh talamh a luacháil ar bhonn úsáide reatha ag luacháil de €126,974 in aghaidh an acra a rinneadh i 1998. Rinneadh foirgnimh a luacháil ar bhonn úsáide reatha ag costas caighdeánach de €2,413 in aghaidh gach méadar cearnach.

Tá roinnt mhaith saothar ealaíne ag an gColáiste, lena n-áirítear pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní ríluachmhara. Níl na saothair ealaíne sin san áireamh sna Ráitis Mhaoinithe de bharr go meastar nach féidir luach bríoch a lua leo, cé go bhfuil árachas ard orthu.

Agus FRS 5, *'Substaint na nIdirbheart a Thuairisciú'* á chur i bhfeidhm aige, tá maoin lena bhfuil dliteanais ghaolmhara de €58,501,978 (2009/10: €53,290,000): €58,041,433) san áireamh i gcreidiúnaithe atá dlite tar éis bliana. B'ionann glan-luach leabhair na maoine sin agus €60,480,000 amhail an 30 Meán Fómhair 2011 (2009/10: €61,920,000).

Chomh maith leis sin, áirítear ar Thalamh agus Foirgnimh sócmhainní eile lena bhfuil luach leabhair de €131,479,921 (2009/10: €79,474,181) d'fhonn substaint na socruithe atá ar bun seachas an fhoirm dhlíthiúil a thuairisciú.

Áirítear le Talamh agus Foirgnimh sócmhainní atá á bhfoirgniú de €742,683 (2009/10: €92,358,682).

Tugadh Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide ina bhfuil gnéithe acadúla agus tráchtála, chun críche i rith 2011 agus rinneadh an gné tráchtála (Costas €39.25m) a aistriú chuig maoine infheistíochta.

Nótaí leis an Sliocht as na Ráitis Mhaoinithe (ar lean..)

| 18. Maoine infheistíochta | 2011 €'000 | *Athshonraithe 2010 €'000* |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana* | 17,891 | - |
| Breiseanna sa bhliain | - | 6,528 |
| Athrangú ó shócmhainní seasta inláimhsithe ag glan-luach leabhair | 39,252 | 12,607 |
| Athráiteas* | - | 1,413 |
| Lagú sa bhliain | (2,898) | (2,657) |
| Ag deireadh na bliana | 54,245 | 17,891 |

Luacháil Knight Frank Limited gach maoin infheistíochta amhail an 30 Meán Fómhair 2011 ag luach an mhargaidh der réir chaighdeáin luachála Suirbhéirí Cairte na hInisitiúide Ríoga. Tharla easnaimh athluachála €1m agus €1.2m in 2011 faoi seach mar gheall ar luachálacha a rinneadh ar Theach Lincoln agus ar Theach Oisin amhail 30 Meán Fómhair 2011. Rinneadh Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (gné tráchtála) a luacháil ag €38.5m amhail 30 Meán Fómhair 2011 nuair a tugadh an foirgneamh ar lámh don Choláiste an 22 Meán Fómhair 2011 lenar bhain easnamh athluachála €0.7m maidir lena chostas de €39.2m.
Mheas athbhreithniú sonrach ar fhoirgnimh go mbeadh sé níos cuí 3&4 Sráid Laighean Theas agus 18/19 Plás Lincoln a léiriú mar mhaoine infheistíochta seachas sócmhainní inláimhsithe.

Bhí athrangú €1.4m ar ghlanluach leabhair mar thoradh air sin (féach nóta 17 agus an Clár Comhardaithe leathanach 7) amhail 30 Meán Fómhair 2010.

| 19. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 2011 €'000 | *2010 €'000* |
|---|---|---|
| Deontais thaighde conartha agus tionscadail in-aisghabhála | 12,775 | 16,036 |
| Iasachtaí tí na foirne | 82 | 108 |
| Iarmhéideanna inmheánacha | 8,647 | 7,382 |
| Féichiúnaithe trádála | 4,685 | 7,969 |
| Féichiúnaithe eile agus réamhíocaíochtaí | 24,987 | 15,948 |
| Méid dlite ó fhoghnóthais | 1 | - |
| | 51,177 | 47,443 |

Nótaí leis an Sliocht as na Ráitis Mhaoinithe (ar lean..)

| 20. Creidiúnaithe agus ioncam fabhruithe | 2011 €'000 | *2010 €'000* |
|---|---|---|
| Deontais thaighde conartha agus tionscadail nár caitheadh iad | 37,819 | *30,758* |
| Creidiúnaithe trádála | 5,801 | *10,530* |
| Deontas stáit do chaiteachas atarlaithe faighte roimh ré | 19,799 | *18,172* |
| Táillí acadúla faighte roimh ré | 40,844 | *36,627* |
| PAYE/PRSI | 5,841 | *4,534* |
| Iarmhéideanna inmheánacha | 49,023 | *43,868* |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe eile | 79,777 | *60,961* |
| | 238,904 | *205,450* |

Bhí plé ar siúl ag an gColáiste le blianta beaga anuas faoi an bhféadfaí Tionscnamh Luathscoir Deonach Dreasaithe de chuid an Choláiste a thabhairt isteach (VERI). In 2010 aithníodh €12.59m mar mhaoiniú neamhthiomanta atá ar fáil don Choláiste i dtreo costais an tionscnaimh mholta seo. Aithnítear an maoiniú seo trí dheontais stáit €7.33m a iarchur agus é seo a chónascadh le €5.26m atá i gcreidiúnaithe agus i bhfabhruithe eile.s. Coinníodh an tsuim €5.26m ar an gClár Comhardaithe roimhe seo i leith dliteanas d'fhoireann neamhlárnach (poist neamh-mhaoinithe) bainteach leis an Scéim Shamplach Pinsin, agus ní theastaíonn sé a thuilleadh chun na críche sin. Níl téarmaí scéim VERI sainithe go fóill agus theastódh cead ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do scéim dá leithéid. Tá ceanglais ar leith aitheanta ag na Ranna a bhreithneoidís a bheith ar réamhchoinníoll do cheadú aon scéim a d'fhéadfadh a bheith ann agus tá cumarsáid leanúnach ar bun idir an Coláiste agus na Ranna ina leith seo.

Nótaí leis an Sliocht as na Ráitis Mhaoinithe (ar lean..)

| 21. Cuntas Rialaithe Pinsin | 2011 Scéim Mhaoinithe €'000 | 2011 Scéim Shamplach €'000 |
|---|---|---|
| **Iarmhéid Taosaigh -Deontas infhaighte ó /(iníoctha le) an HEA** | 3,885 | (9,888) |
| *Ioncam* | | |
| Ranníocaíochtaí Fostóra* | (10,534) | (979) |
| Ranníocaíochtaí Fostóra – 20%** | (39) | (244) |
| Ranníocaíochtaí Fostaí | (2,633) | (2,939) |
| Aistrithe Pinsin Isteach | (63) | (27) |
| Ioncam Forlíonta | (7,360) | - |
| Ioncam i leith ceannach blianta breise | - | - |
| Eile | (199) | (5) |
| Ioncam Iomlán | (20,828) | (4,194) |
| *Caiteachas* | | |
| Pinsin á n-íoc (forlíonadh san áireamh) | 23,797 | - |
| Íocaíochtaí cnapshuime ar scor | 3,520 | 139 |
| Íocaíochtaí do bhás i seirbhís | 1,056 | 40 |
| Aistrithe pinsin amach (íocaíochtaí airgid tirim) | - | - |
| Aisíoc ar ranníocaíochtaí | - | 332 |
| Costais riaracháin agus eile | 1,551 | 13 |
| Caiteachas Iomlán | 29,924 | 524 |
| **Easnamh/(Barrachas) sa bhliain** | 9,096 | (3,670) |
| **Iarmhéid Tosaigh-Deontas Deiridh infhaighte ó /(iníoctha le) an HEA**** | 12,981 | (13,558) |

* Tá laghdú €1.85m ar ranníocaíochtaí fostóra atá dlite ón HEA. Is ionann sin agus an costas foriomlán bliantúil don Choláiste a bhain le leibhéal 2003 den phríomhfhoireann sealadach a ligean isteach sna scéimeanna pinsin maoinithe. Ní áirítear soláthar pinsin i ndáil leis na na costais sin sa bpríomhmhaoiniú ón HEA agus cuireadh €1.85m chun sochair ioncam ó Dheontas Stáit chun sin a léiriú.

* De réir Chreat Rialála Fostaíochta na hEarnála Ard-Oideachais 2011-2014, a heisíodh 10 Márta 2011 ní mór foráil gach post nua arna mhaoiniú go seachtrach a chruthaítear i ndiaidh an 10 Márta 2011 ranníocaíochtaí pinsin fostaí a sholáthar ag ráta de 20% chun an costas iarchurtha ar an státchiste a bhaineann le teidlíochtaí pinsin an tsealbhóra poist amach anseo a chlúdach.

*Tá deontas infhaighte ón HEA maidir leis an Scéim Mhaoinithe de shuim €13m san áireamh i gcreidiúnaithe agus réamhíocaíochtaí eile (féach nota 19). *Tá deontas iníoctha leis an HEA maidir leis an Scéim Shamplach de shuim €13.6m san áireamh i gcreidiúnaithe agus fabhruithe eile (féach nota 20).

Nótaí leis an Sliocht as na Ráitis Mhaoinithe (ar lean..)

| 22. Creidiúnaithe agus Caiteachas Fabhraithe | 2011 €'000 | *2010 €'000* |
|---|---|---|
| Oibleagáidí faoi léas airgeadais | 58,502 | 58,041 |
| Iasacht bhainc | 75,000 | 60,000 |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe eile | 4,225 | 3,622 |
| | 137,727 | 121,663 |

Baineann an oibleagáid léasa airgeadais leis an socrú airgeadais do Halla na Tríonóide a bhfuil substaint léasa airgeadais aige. Tá na hoibleagáidí faoi léas airgeadais go léir san áireamh i gcreidiúnaithe atá dlite tar éis bliain amháin. Tá saoráid iasachta €75 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ag an gColáiste ar tarraingíodh anuas amhail an 30 Meán Fómhair 2011. Iasacht ar ráta athraitheach an t-iasacht atá ceangailte le Euribor 3 mhí agus atá iníoctha gach sé mhí i ngálaí cothroma agus an chéad tráthchuid le n-íoc in 2019. Ní mór don Choláiste cloí le cúnaint ar leith atá mar chuid den tsaoráid iasachta seo.

| 23. Cúlchiste Ginearálta | Iomlán go dtí 3( Meán Fómhair 2010 €'000 | Gluaiseacht sa Bhliain €'000 | Iomlán go dtí 30 Meán Fómhair 2011 €'000 |
|---|---|---|---|
| Luacháil – sócmhainní seasta | 434,928 | (581) | 434,347 |
| Athluacháil - maoine infheistíochta | (2,657) | (2,898) | (5,555) |
| Deontais chaipitil Stáit - HEA | 185,819 | 43,899 | 229,718 |
| Aistriú maoinithe atarlaithe | 57,259 | 735 | 57,994 |
| Deonacháin chaipitil^ | 184,828 | (2,139) | 182,689 |
| Eile (áirítear barrachas ar sheirbhísí coimhdeacha a aistriú – Nóta 16) | 165,118 | 5,764 | 170,882 |
| Luacháil – sócmhainní seasta | 1,025,295 | 44,780 | 1,070,075 |
| Diúscairtí | (56,985) | (1,714) | (58,699) |
| **Amúchadh** | | | |
| Amúchadh amhail an 1 Deireadh Fómhair 2010 | (281,380) | - | - |
| Amúchadh carntha ar dhiúscairtí | - | 1,684 | - |
| Amúchadh ag teacht le dímheas | - | (27,269) | - |
| Amúchadh amhail an 30 Meán Fómhair 2011 | - | - | (306,965) |
| | 686,930 | 17,481 | 704,411 |

Tá gluaiseacht dhiúltach i ndeonacháin chaipitil tar éis athmheasúnú a rinneadh ar an úsáid a baineadh as ciste na bliana roimhe sin arbh ionann é agus €5.8m ón gcaipitil maidir le hatarluithe in 2011. Déantar sin a fhritháireamh ag deonachán ar fhoirgneamh a bhfuil luach €3.5m ag baint leis i rith na bliana agus gluaiseachtaí eile €0.2m.

| 24. Cúlchiste Ioncaim | 2011 €'000 | *2010 €'000* |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 148 | *(31)* |
| Barrachas don bhliain | 104 | *179* |
| Iarmhéid Deiridh | 252 | *148* |

## 25. Ceadú na Ráiteas Maoinithe

Cheadaigh Bord Choláiste na Tríonóide na Ráitis Mhaoinithe an 25 Eanáir 2012.

## RÉITEACH NA RÁITEAS AIRGEADAIS COMHDHLÚITE CHUIG RÁITIS MHAOINITHE an HEA

| | Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite | Gníomhaíochtaí coimhdeacha neamhchorpraithe (1) | Coigeartú GAAP | | Ráiteas Maoinithe an HEA |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | | €'000 |
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontais Stáit | 66,739 | - | 4,504 | (2) | 71,243 |
| Táillí acadúla | 111,865 | - | (12,420) | (3) | 99,445 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 78,486 | - | (3,377) | (4) | 75,109 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | 14,301 | - | (14,301) | (5) | - |
| Ioncam oibríochta eile | 46,079 | (21,558) | (7,303) | (6) | 17,218 |
| Ioncam úis | 3,373 | - | 342 | (7) | 3,715 |
| **Ioncam iomlán** | 320,843 | (21,558) | (32,555) | | 266,730 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais foirne | 217,519 | (5,855) | (25,065) | (8) | 186,599 |
| Costais oibríochta eile | 81,460 | (15,383) | 13,950 | (9) | 80,027 |
| Ús iníoctha | 4,081 | - | (4,081) | (10) | - |
| Dímheas | 27,299 | - | (27,299) | (11) | - |
| Caillteanas ar athluacháil maoine infheistíochta | 1,127 | - | (1,127) | (12) | - |
| **Caiteachas iomlán** | 331,486 | (21,238) | (43,622) | | 266,626 |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain roimh chánachas** | (10,643) | (320) | 11,067 | | 104 |

**1. Gníomhaíochtaí coimhdeacha**

Níl gníomhaíochtaí coimhdeacha mar a thugtar mionsonraí orthu i Nóta 14 de na Ráitis Mhaoinithe incháilithe do mhaoiniú stáit agus faoin gComhaontú Armónaithe, aistrítear barrachais agus caillteanais ar ghníomhaíochtaí den sórt sin go díreach chuig cúlchistí. Faoi Phrionsabail Chuntasaíochta a nGlactar leo go Ginearálta (GAAP), cuirtear gníomhaíochtaí coimhdeacha san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais seachas sa Chúlchiste. Tá €1.9m san áireamh in ioncam agus i gcaiteachas araon i gcuntais Chomhdhlúite GAAP maidir le cíosa do chomhúinéireacht Halla na Tríonóide atá glanluacháilte in aghaidh a chéile i Nóta 14 de na Ráitis Mhaoinithe.

**2. Deontas Iarchurtha**

Sna Ráitis Mhaoinithe, tá ioncam deontais forlíontach san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachas sa bhliain ina bhfaightear é. Faoi GAAP, déantar ioncam deontais forlíontach a fhaightear tar éis dheireadh na bliana a thaifeadadh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann an deontas.

**3. Ioncam ó tháillí na mac léinn a athrangú**

Sna Ráitis Mhaoinithe, airítear ioncam ó tháillí Liachta agus Déidliachta Neamh-AE suas go dtí leibhéal an AE agus tuairiscítear aon ní breise (suas go dtí an Costas Aonaid gaolmhar is déanaí) faoi "ioncam eile". Is éard atá sa Chostas Aonaid an meánchostas aonaid in aghaidh an mhic léinn i ngach grúpa ábhair ar feadh na hEarnála Ollscoile, mar a chuirtear in iúl ag an HEA. Áirítear aon ní breise os cionn an Chostais Aonaid ghaolmhair is déanaí i gcuntais na Scoileanna. Faoi GAAP, tuairiscítear an táille neamh-AE go léir mar ioncam ó tháillí faoi tháillí Acadúla..

## RÉITEACH NA RÁITEAS AIRGEADAIS COMHDHLÚITE CHUIG RÁITIS MHAOINITHE an HEA

**4. Deontais taighde**

Sna Ráitis Mhaoinithe, áirítear deontais thaighde sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais go dtí méid an chaiteachais (lena n-áirítear caiteachas caipitil) a tabhaíodh i rith na bliana. Faoin GAAP, déantar caiteachas caipitil ar thionscadail taighde a chaipitliú sa Chlár Comhardaithe ina bhfuil ioncam gaolmhar curtha san áireamh le deontais chaipitil iarchurtha agus a ndearnadh a amúchadh thar saol úsáideach an tionscadail.

Sna Ráitis Mhaoinithe ní aithnítear ioncam forchostais taighde áirithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Faoin GAAP aithnítear an t-ioncam agus an caiteachas araon.

**5. Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha**

Sna Ráitis Mhaoinithe, déantar amúchadh a mheaitseáil leis an muirear dímheasa, beag beann ar cibé an maoinítear an tsócmhainn go hiomlán trí dheontas, nó nach maoinítear. Bíonn mar thoradh air sin éifeacht neodrach ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Faoin GAAP, ríomhtar amúchadh leis an deontas caipitil a dhíscríobh thar shaolré na sócmhainne. Sa chás nach maoinítear an tsócmhainn go hiomlán trí dheontas, beidh an muirear dímheasa níos airde ná an creidmheas amúchta.

**6. Ioncam oibríochta eile**

Sna Ráitis Mhaoinithe ní aithnítear ioncam forchostais taighde áirithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Áirítear orthu sin ioncam ó chúrsaí agus gníomhaíochtaí féin-mhaoinithe, ó réimsí seirbhísí neamh-acadúla agus ó ghníomhaíochtaí coimhdeacha eile. Faoin GAAP, tá an t-ioncam sin san áireamh sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**7. Ioncam úis**

Sna Ráitis Mhaoinithe áirítear ioncam úis in "ioncam eile" agus léirítear é glan ar mhuirir €0.2m agus ús barúlach €0.8m san áireamh ann. Faoin GAAP léirítear ioncam úis ar leithligh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, agus níl aon ghlanluacháil muirear agus fágatar ioncam úis barúlach as an áireamh ó na cuntais.

**8. Costais foirne**

Sna Ráitis Mhaoinithe ní aithnítear ach costais phá chroímhaoinithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Faoin GAAP aithnítear gach costas foirne, lena n-áirítear gníomhaíochtaí féin-mhaoinithe, réimsí seirbhísí neamh-acadúla agus gníomhaíochtaí eile sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**9. Costais oibríochta eile**

Sna Ráitis Mhaoinithe, gearrtar tionscadail chaipitil a maoinítear ó ioncam atarlaithe chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Faoin GAAP fágtar an caiteachas seo amach as an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus áirítear é laistigh de bhreiseanna ar shócmhainní seasta.

Mar a mhínítear i Nóta 6 thuas, sna Ráitis Mhaoinithe ní aithnítear gníomhaíochtaí áirithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Áirítear orthu sin ioncam agus caiteachas ó chúrsaí agus gníomhaíochtaí féin-mhaoinithe, ó réimsí seirbhísí neamh-acadúla agus ó ghníomhaíochtaí coimhdeacha eile. Faoin GAAP caithfear an t-ioncam agus an caiteachas araon a aithint.

Sna Ráitis Mhaoinithe, aithnítear an caiteachas taighde go léir, lena n-áirítear trealamh caipitil, mar ioncam agus caiteachas taighde. Faoin GAAP, ní féidir caiteachas caipitil a láimhseáil mar sin.

**10. Ús Iníoctha**

Cuirtear an ghné úis d'íocaíochtaí léasa ar Halla na Tríonóide san áireamh go díreach sa Chúlchiste Ginearálta ar an gClár Comhardaithe sna Ráitis Mhaoinithe. Faoin GAAP aithnítear ús iníoctha sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**11. Dímheas**

Sna Ráitis Mhaoinithe, cuirtear dímheas san áireamh go díreach sa Chúlchiste Ginearálta ar an gClár Comhardaithe. Faoin GAAP aithnítear dímheas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**12. Athluacháil maoine infheistíochta**

Sna Ráitis Mhaoinithe, cuirtear dímheas san áireamh go díreach sa Chúlchiste Ginearálta ar an gClár Comhardaithe. Faoin GAAP aithnítear an caillteanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.